

2020 An Óige Sosta

Tuarascáil Bhliantúil 2020



ombudsman
do leanaí
for children

Clár Ábhar

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí	2
Cé sinne	5
Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL) Staidreamh agus Buaicphointí	6
Miondealú ar na Gearáin	11
Rannán 1 – Tionchar Covid-19 ar leanaí agus obair an OOL	15
1. Oideachas	16
2. Sláinte	23
3. Forbairt leanaí agus a saol sa teaghlach	25
4. Soláthar Díreach	26
Rannán 2 – Cearta leanaí a chur chun cinn	29
5. Míchumas	30
6. Soláthar Díreach	34
7. Náisiúntacht	35
8. Cearta Leanaí	36
9. Gafacht Idirnáisiúnta agus Eorpach	40
10. An Teaghlach agus Cúram	41
11. Ceartas do Leanaí	42
Reáchtáil na hOifige	45



Dr Niall Muldoon
Ombudsman do Leanaí

Teachtairacht ón Ombudsman do Leanaí

Tá bunathrú curtha ag Covid-19 ar gach rud. Ní haon ionadh mar sin go ndeachaigh an phaindéim go mór ar an Tuarascáil Bhliantúil do 2020 agam.

Mionsonraítear le 2020 An Óige Sosta an chaoi a ndeachaigh an phaindéim i gcion ar obair na hoifige, na gearáin a fuair muid, agus na tionscnaimh a dtug muid fúthu chun a chinntiú go léirítear dearcthaí leanaí ag gach leibhéal. Tugtar breac-chuntas ann chomh maith ar thionscadail thábhachtacha eile ar cuireadh tús leo roimh do Covid-19 briseadh amach agus a cuireadh i gcrích iad in 2020 in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann, is cúis bróid dom a rá.

Bliain thubaisteach 2020 ó thaobh na leanaí de – tugadh veicteoirí orthu agus cuireadh an milleán orthu as tras-seoladh. Breathnaíodh orthu mar iompróirí, ní raibh fáilte roimh leanaí in ionaid phoiblí. Dúnadh scoileanna, dúnadh áiseanna spóirt, cuireadh stop tobann le ceol, leis an ealaín agus le caitheamh aimsire eile. Ní raibh cead ag leanaí casadh ar a ngaolta ná

ar a chéile. Baineadh díobh na deasghnátha aistrithe saoil go léir – Comaoín Naofa, Comhneartú, Deibeanna, Bronnadh na gCéimeanna, agus na nithe a mbaineann an óige sult astu.

Is iad na leanaí agus na daoine óga ba shoghonta againn is mó a bhí thíos leis an bpaindéim de réir mar a chuaigh na fachtóirí don riosca in airde go han-mhór agus go dtáinig méadú ar an líon leanaí a rinne teagmháil linn. Bíodh is gur dhúradh linn go léir fanacht sa mbaile, ní spás sábháilte do gach leanbh é an baile mar a léirítear leis an méadú i dteagmhais foreigin bhaile in 2020. Is cúis imní dom teagmhais mí-úsáide féideartha a cailleadh, nó a moilleadh, b'fhéidir, nó nár braitheadh. Tháinig titim shuntasach ar an líon atreoruithe cosanta leanaí a fuair muid in 2020 (a fhaightear go minic mar chuid den phróiseas gearán). Is mó cheana féin an líon atreoruithe den sórt sin a fuarthas suas go Bealtaine 2021 ná an líon iomlán do 2020.

Le linn 2020 bhí na leanaí féin ag piocadh suas a bhfón agus ag glaoch orainn maidir lena gcúiseanna imní agus buartha fad is a bhreathnaigh siad ar Airí éagsúla (Oideachas, Sláinte, Leanaí) thuas ar ardáin ag fógairt cinntí lena socrófar céard a bheidh i ndán dóibh agus iad óg. Chuir na U-castaí agus an tsíorthuairimíocht leis an imní ina measc, sa chaoi gur mhothaigh siad go raibh siad fágtha gan chosaint agus gan aon duine ag éisteacht leo.

Ba chúis imní ach go háirithe an tuairimíocht maidir le cealú na hArdteistiméireachta agus léirítear leis an tuarascáil seo arís eile go raibh an t-oideachas mar ábhar ag formhór na ngearán againn in 2020.

Chuala muid scéalta dobrónacha faoi leanaí a raibh riachtanais bhreise orthu ag dul siar agus an suaitheadh a raibh an neamhchinnteacht mar chúis leis. Bhí leanaí ag streachailt leis an deighilt dhigiteach agus bhí imní orthu faoi



thuismitheoirí a raibh a jabanna caillte acu de réir mar a chuaigh an phaindéim i gcion go tubaisteach ar an ngeilleagar.

Ba dheacair bealach a dhéanamh tríd an tírdhreach polaitiúil in 2020 agus Rialtas sealadach ag teacht i réim tar éis toghcháin a bhí éiginntitheach agus cainteanna fadaíthe cruthaithe rialtais, agus é mar thasc acu an phaindéim a chosc le linn na chéad leithe den bhliain. Bhí an baol ann go gcuirfí ceisteanna a bhain le leanaí ar athló arís.

Bhí an Roinn Leanaí agu Gnóthaí Óige faoi bhagairt i mBealtaine nuair a moladh go gcomhchuimseofaí i rannóga eile í. B'ionann é seo agus séanadh freagrachta agus cuntasachta chomh fada is a bhain le seasamh le cearta leanaí ag uair mhaighdeogach. Bua ríthábhachtach é coimeád na Roinne ó thaobh ceart na leanaí, agus táim dóchasach go mbeidh an Roinn nua mar chosán chun cearta leanaí a ionchorprú go hiomlán i struchtúr rialála an stáit. Níor cheart go mbeadh dabht ar bith ann as seo amach gur ceart Roinn Leanaí bheith ann – má cruthaíodh rud ar bith leis an bpaindéim cruthaíodh gur gá don Rialtas ceart leanaí a phríomhshruthú aus iad a bheith i dtosach in am na géarchéime.

Ceann de na pribhléidí móra a ghabhann leis an jab seo agamsa go bhfuil mé in ann taisteal fud fad na tíre chuig ócáidí agus cruinnithe le leanaí agus daoine óga chun eolas a fháil faoina ndearcthaí agus a dtuairimí ar cheisteanna. Chuir an phaindéim stop leis seo, áfach. Táim ag súil le gabháil amach arís ar an mbóthar nuair a cheadóidh na srianta é agus le fáiltiú roimh leanaí ar ais chuig an oifig againne chomh maith leis sin i gcomhair ceardlanna agus ócáidí.

I mí Feabhra 2021 ceapadh athuair mé chun an dara téarma a chaitheamh mar Ombudsman do Leanaí. Ba mhór ar fad an onóir agus an phribhléid agam an ról seo a bheith agam le sé bliana eile agus táim feasach go géar ar an bhfreagracht ata agam do leanaí ag an uair áirithe seo sa stair againn.

De réir mar a thosaímid ag pleanáil don saol tar éis Covid, beidh sé mar thosaíocht agam mar Ombudsman do Leanaí a chinntiú go machnófar agus go ndéanfar pleanáil do chearta agus riachtanais leanaí. Tá fhios againn go bhfuil fadhbanna an-suntasacha ann láithreach a gcaithfear déileáil leo – liostaí fada feithimh do sheirbhísí ríthábhachtacha, méadú ar atreoruithe sláinte meabhraí, seirbhísí

laghdaithe do leanaí faoi mhíchumas agus riachtanais speisialta, cur isteach leanúnach ar an oideachas, méadú ar atreuithe cosanta leanaí agus an-chuid nithe eile.

Dúirt C.S. Lewis “Ní feidir leat dul siar agus an tús a athrú ach is féidir leat tosach san áit ina bhfuil tú agus an críoch a athrú”. Sa spiorad sin, creidim go láidir go mbeidh teipthe orainn poitéinseal na leanaí a uasmhéadú más rud é gur leis na ceisteanna seo amháin a bheimid ag déileáil. Ní leor, go simplí, filleadh ar an norm i gcás an-chuid leanaí in Éirinn. Ní mór dúinn an teagmhas seo nach dtarlaíonn a leithéid ach uair amháin i ré gach glúine a ghlacadh agus athruithe buana a dhéanamh. Athruithe a mbeidh cúitimh dhearfacha le baint astu do na glúnta leanaí amach anseo. Is gá dúinn ceist a chur orainn féin cén chaoi is mian linn go mbeadh leanaí in Éirinn ag maireachtáil agus go mbeifí ag caitheamh leo.

Beidh an leanbh atá ag forbairt faoi bhláth i suíomh baile atá sábháilte, teolaí, sláintiúil ar bhóthar a bheidh ag éirí leis i gcónaí. Beidh an leanbh sin ag feabhsú, ag fás agus ag baint spriocanna amach ar bhonn leanúnach – sa tslí nach mbeidh sos curtha air nó uirthi riamh! Maidir leo siúd, áfach, a bhfuil míbhuntaiste nó soghontacht orthu tá siad ag maireachtáil

ar bhonn stad-tosach agus teastaíonn i bhfad níos mó tacaíochta uathu ón stát chun go dtiocfaidh bláth orthu agus go mbainfidh siad a bpoiteinseal amach. Bíonn an bhochtaineacht ag croílár an oiread sin ceisteanna a théann i gcion ar leanaí agus is anseo a bhraithim gur féidir fíorathruithe buana a dhéanamh.

Mar an gcéanna le formhór na n-eagraíochtaí, tá oibríochtaí agus reáchtáil Oifig an Ombudsman do Leanaí athraithe ó bhonn ag Covid-19. Ó mhí Márta 2020, tá an saol iompaithe bun os cionn orainn. I gcás an-chuid dár bhfoireann, tá cistíní iompaithe ina scoileanna agus ina n-oifigí, de réir mar a chuir muid sinn féin in oiriúint dár seirbhísí a choinneáil ar siúl i rith na paindéime. Táim an-mhórálach ar fad as an obair a chuir an fhoireann iontach ag OOL i gcrích le linn na drochthréimhse seo. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leo go léir as an iarracht ollmhór a rinne siad chun seachadh na seirbhíse againn a choinneáil ar ardchaighdeán in ainneoin an oiread bach a bhí curtha romhainn ag an bpaindéim. Táim ag súil le bheith ag obair leo i gcónaí thar ceann leanaí in 2021 agus ina dhiaidh sin.




Cé sinne

Institiúid ceart daonna is ea Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL) a chuireann chun cinn cearta agus folláine leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 bliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn. Déanann an OOL imscrúdú ar ghearáin maidir le seirbhísí arna gcur ar fáil do leanaí ag eagraíochtaí poiblí. Tá an tseirbhís saor, neamhspleách.

Chomhaontaigh an Dáil agus an Seanad in 2002 an tAcht um Ombudsman do Leanaí, ina leagtar amach ról agus cumhachtaí na hOifige seo. Tá an Dr Niall Muldoon ina Ombudsman do Leanaí ó 2015 i leith. An tUachtarán a cheap Niall sa phost agus tuairiscíonn sé go díreach chuig an Oireachtas.

Luachanna OOL



Fís OOL

Institiúid ceart daonna is ea Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL) a chuireann chun cinn cearta agus folláine leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 bliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn. Déanann an OOL imscrúdú ar ghearáin maidir le seirbhísí arna gcur ar fáil do leanaí ag eagraíochtaí poiblí. Tá an tseirbhís saor, neamhspleách.

Chomhaontaigh an Dáil agus an Seanad in 2002 an tAcht um Ombudsman do Leanaí, ina leagtar amach ról agus cumhachtaí na hOifige seo. Tá an Dr Niall Muldoon ina Ombudsman do Leanaí ó 2015 i leith. An tUachtarán a cheap Niall sa phost agus tuairiscíonn sé go díreach chuig an Oireachtas.

Staidreamh agus buaicphointí OOL

1,187


gearán faighte in 2020

I míonna Márta, Aibreán
agus Bealtaine ní fhuair
muid ach 203 i gcomparáid
le 382 in 2019.

6%

de na gearáin in
2020 ó leanaí.
Thuas ó 3% in 2019.

Formhór
na ngearán ó:



Bhaile Átha
Cliath
Cill Dara

Corcaigh

Contaetha nach bhfuil an
líon leanaí astu, a mbeifí
ag dréim leis bunaithe ar
an daonra leanaí, ag dul i
dteagmháil le OOL:
**An Longfort, Laois,
Ceatharlach**

An phríomhcheist a rinne
daoine gearan fúithi in 2020:
**46% de na gearáin
faoi Oideachas**

Céard faoi a
dtéann daoine i
dteagmháil linn:

Tacaíocht agus
Pleanáil Teaghlaigh

Ceartas

Oideachas

Tithíocht

Sláinte

Nithe a tháinig
chun cinn in 2020:



soiléire faoi
scrúduithe
stáit

An deighilt
dhigiteach

liostaí feithimh
do leanaí

leanaí i
dteaghlach a
bhfuil ardriosca
ag baint leo

tionchar Covid
ar shláinte
mheabhrach
daoine óga

100%

Luaigh 100% de na
leanaí a rinne gearán
linn maidir leis an
oideachas an tionchar
a bhí ag Covid-19 ar a
sláinte mheabhrach.

7

Thug 7 scoil cuairt
ar OOL i gcomhair
ceardlanna
oideachais

140

Ghlac 140 mac léinn
páirt i gceardlann
san oifig againn

211

D'fhreastail 211 mac
léinn 3ú leibhéal ar
ceardlanna san
oifig againn

29

D'fhreastail 29 mac
léinn ar cheardlann
phíolóta ar líne OOL

95

D'fhreastail 95 mac léinn
3ú leibhéal ar cheardlanna
phíolóta ar líne OOL

Foilseacháin:

Molly Two Years On
Unmet Needs
Pathways to Irish
Citizenship
Direct Division
Annual Report 2019
Jack's Case
Life in Lockdown

Comhairle agus aighneachtaí OOL

Aighneacht chuig Coiste
na NA ar Chearta an Linbh
Aighneacht faoin Dréachtstraitéis
nua ceartais don Óige
Aighneacht ar an athbhreithniú
ar an Acht Cúraim Leanaí, 1991
Aighneacht ar an bPáipéar
Bán ar chosaint agus ar
chóiríocht idirnáisiúnta

OOL ar líne

Na himpreisin fiseáin ba mhó ar Twitter

39,237	Children Leanaí ag cur in iúl a ndearcthaí faoi bheith i gcónaí i Soláthar Díreach in Éirinn
38,875	Gearrthóg fiseáin d'eispéireas den Soláthar Díreach
33,407	Cuan Cainteanna Leanaí Óráid ar leanaí a bhfuil uathachas orthu
15,923	Niall Muldoon ar Lá Domhanda na Sláinte Meabhraí
8,024	Niall Muldoon ar an tuarascáil ar Sholáthar Díreach

Na leathanaigh ba mhó a amharcadh orthu ar an suíomh idirlín

23,664	OCO.ie
19,786	About us
6,044	Children's Rights
5,872	Covid 19 information for children
5,715	It's Your Right (Game)

Ar Ais ar Scoil

I mí Lúnasa reáchtáileadh Ar Ais ar Scoil, sraith d'fhíseáin ar líne, inar tugadh leideanna agus comhairle do leanaí agus daoine óga a bhí ag fáil réidh le filleadh ar an scoil. Bhain teachtaireacht Niall do mic léinn na hArdteiste breis is 19,000 líne ama ar Twitter.



Amhairc ar leathanaigh:

166,940

Úsáideoirí nua:

50,925

Gabháil foriomlán ar Facebook in 2020

209,594

Leantóirí nua Facebook in 2020

776

#WhatIMiss

How is the lockdown affecting children?



#WhatIMiss We want to hear directly from young people! We want to know how the coronavirus & the lockdown has impacted you, your education, your home and your right to play & rest. Get creative and get involved in our competition oco.ie/news/whatimiss/

#WhatIMiss
How is the lockdown affecting children?



ChildrensRights.ie and 9 others



Every child has a right to play and rest. Has the lockdown changed that for you? Have your say and get involved in our competition **#WhatIMiss #children #Covid19** oco.ie/news/whatimiss/



#WhatIMiss

I mí Aibreáin 2020 reáchtáil OOL **#WhatIMiss**, feachtas meán sóisialta lenar tugadh cuireadh do leanaí agus daoine óga a n-eispéireas den chéad dhianghlasáil a chur in iúl. Thug grúpa daoine óga a ghlac páirt i Child Talks 2019 a mbreith ar an gcomórtas seo.

#WhatIMiss

Meet Our Judges!




Ryan Mc Keown



Ellen Canavan



Grace Murphy



Oisín Putt



Jack and Cormac Phelan

An tOmbudsman ag idirghabháil leis an Rialtas ar cheisteanna a bhaineann le leanaí

- Tosaíochtaí OOL do Leanaí roimh GE2020 – deireadh le Soláthar Díreach, ceart chun Tithíochta, Pathfinder
- Aedteist agus gráid ríofa
- Filleadh ar an scoil do leanaí a bhfuil Uathachas orthu
- Rochtain ar an oideachas do leanaí as teaghaigh ardriosca
- Freagrachtaí an Rialtais i leith leanaí le linn Covid-19
- Leanaí Roma gan bheith in ann cóiríocht a aimsiú cóiríocht tar éis scoite
- Coinníollacha do leanaí den Lucht Siúil le linn Covid-19
- Coinníollacha do leanaí faoi choinneáil le linn Covid-19
- Operation encompass – leanaí ar imríodh foréigean baile orthu

OOL Ócáidí: Cainteanna Leanaí

Tionóladh Cainteanna Leanaí 2020 ar 20ú Samhain chun Lá Domhanda na Leanaí a cheiliúradh. Ba é 2020 an tríú bliain de Chainteanna Leanaí, sraith óráidí inspioráideacha le daoine óga maidir lena saol. In 2019 d'fhreastail breis is 400 duine ar an ócáid seo. In 2020, áfach, lainseáladh é i mí Iúil trí sheimineár idirlín zúmála ar a raibh triúr de na cainteoirí a bhí againn roimhe sin, Eric Ehigie, Katie McKenna agus Kate Murphy a labhair faoin eispéireas a bhí acu nuair a ghlac siad páirt san ócáid. Mar gheall ar shrianta Covid, ba ócáid físeáin réamhthaifeadta ar feadh uaire Cainteanna Leanaí 2020, a craoladh ar RTÉ Teilifís agus a rinneadh é a bheoshruthú ar shuíomh idirlín OOL. Áiríodh ann teachtaireacht speisialta físeáin ón Taoiseach, Micheál Martin. Chlúdaigh na meáin an ócáid go leathan, agus cuimsíodh sa chlúdach sin agallamh leis an

Ombudsman ar RTÉ Morning Ireland, gné-phacáiste ar News2Day RTÉ, raidió Today FM, gné-agallamh san Irish Examiner, mar aon le clúdach forleathan ar raidió agus nuachtain áitiúla a raibh roinnt mhaith dár gcainteoirí agus óstaigh san áireamh ann. Taispeánadh sna céadta rangsheomraí ar fud na hÉireann é chomh maith.



Comhpháirtíochtaí OOL:

Lean OOL ar aghaidh lena comhpháirtíocht le Féile Ealaíon Idirnáisiúnta Baboró do Leanaí in 2020. Chuir muid amach ceardlann fhíorúil faoi chearta leanaí do scoileanna ar fud Iarthar na hÉireann.

Miondealú ar ghearáin

In 2020 bhí an phaindéim dulta i gcion go mór ar na gearáin a fuair OOL. Nuair a tugadh isteach na srianta i mí Márta 2020, is beag nár tháinig stad iomlán leis na gearáin. Ní raibh daoine ag gearán faoi sheirbhísí arna soláthar do leanaí. Bhí an tír curtha trí chéile agus choinnigh leanaí, tuismitheoirí, teaghlaigh agus daoine eile a bhí ag obair le leanaí siar chun deis a thabhairt do ranna Rialtais déileáil leis an éigeandáil a bhí tagtha i gcrích. Nuair b'fhacthas go soiléir do dhaoine go mb'fhada uainn an lá a mbeadh an saol mar ba ghnách arís, agus de réir mar a chuaigh an tionchar ar leanaí i bhfeidhm, thosaigh na gearáin ag teacht chugainn arís. Mar a tharlaíonn i gcónaí, léirítear leis na gearáin a fuair OOL cuid de na ceisteanna is mó a théann i gcion ar leanaí agus teaghlaigh in Éirinn. Tugtar breac-chuntas leo ar réimsí ina féidir le ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí feabhsúcháin a dhéanamh chun freastal ar leanaí, agus aibhsítear leo lochtanna áit ar cliseadh ar leanaí. Ba mar an gcéanna in 2020 é.

Gearáin a fuarthas: 1,187


Céard a chiallaíonn sé seo: Ba lú de 316 an méid gearán a fuair muid in 2020 ná an méid a fuair muid sa bhliain roimhe sin. Tá ceangal díreach idir seo agus an phaindéim. I míonna Márta, Aibreáin agus Bealtaine ní bhfuair muid ach 203 gearán i gcomparáid le 382 in 2019 ach bhí míonna eile na bliana sin ar nós na bliana roimhe sin. Bhí difríocht shuntasach sa chineál gearán a fuair muid tar éis mí Márta mar go raibh seirbhísí poiblí agus scoileanna dúnta nó srianta.

Gearáin de réir Contae

Ní bhíonn fhios againn i gcónaí cá bhfuil an duine atá ag déanamh an ghearáin, nó an leanbh, suite. Féadann sé seo bheith de bharr nach bhfaighimid ach eolas an-ghinearálta faoi leanbh, nó de bharr nach mbaineann an cheist le leanbh sainiúil i suíomh áirithe. Níl san áireamh sa mhapa seo ach na cásanna ina bhfuil fios againn ar an suíomh.

As na 805 gearán nua in 2020 ina bhfuil fios againn ar an suíomh, tháinig an líon ba mhó as réigiún Bhaile Átha Cliath. Is féidir bheith ag súil leis seo ós é an réigiún is mó daonra. Fuarthas 241 gearán as an réigiún seo, líon ab ionann le 30% de na gearáin nua ar fad in 2020.

Ceatharlach	1%	An Longfort	.5%
An Cabhán	3%	Lú	4%
An Chláir	2%	Maigh Eo	2%
Corcaigh	14%	Na Mí	4%
Dún na nGall	2%	Muineachán	2.5%
Baile Átha Cliath	30%	Uíbh Fhailí	1%
Gaillimh	4%	Ros Comáin	1%
Ciarraí	3%	Sligeach	1%
Cill Dara	5%	Thiobraid Árann	3%
Chill Chainnigh	2%	Port Láirge	2%
Laois	1%	An Iarmhí	2%
Liatroim	1%	Loch Garman	1%
Luimneach	4%	Chill Mhantáin	4%



Cé rinne teagmháil linn:

80%	Tuismitheoirí
8%	Gairmithe agus Eagraíochtaí
6%	Leanaí
4%	Eile
3%	Baill den Teaghlach Sínte
3%	Unrelated Adults

Mar ab amhlaidh leis na blianta roimhe sin, is iad tuismitheoirí nó baill teaghlaigh eile a chomhlíonann ról tábhachtach maidir le himnithe a chur in iúl faoin gcaoi a chaitheann comhlachtaí poiblí le leanaí, a rinne tromlach na ngearán. Ach bhí méadú suntasach ann in 2020 ar líon na leanaí a rinne teagmháil dhíreach linn chun gearáin a dhéanamh. In 2019 leanaí a rinne 3% de na gearáin ar fad agus méadaíodh de 6% air seo in 2020. Chuir an oifig an-fháilte roimhe seo agus sholathair sé eolas luachmhar don Ombudsman do Leanaí a bhí sé in ann a úsáid ina chruinnithe leis na hAíre agus na cinnteoirí chun tionchar a bheith aige ar an athrú. Is léir an tionchar a bhí ag guthanna na leanaí chun athrú beartais a bhaint amach sna cásanna a rinne an OOL imscrúdú orthu ar a n-áirítear gearáin a bhain le gráid ríofa, scrúduithe stáit agus leanaí ina gcónaí i dteaghlaigh ardriosca.

In 2020, b'eol dúinn an gaol a bhí ag an ngearánaí leis an leanbh i 1,132 cás. Tháinig breis is 84% de na gearáin seo ó thuismitheoirí nó siblíne nó baill eile den teaghlach.

Céard faoi a fuair muid gearáin in 2020?

Céatadán de ghearáin a bhain le hearnálacha éagsúla 2020	
46%	Oideachas
20%	Tacaíocht, Cúram agus Cosaint Teaghlaigh
14%	Sláinte
7%	Eile
6%	Tithíocht agus Pleanáil
5%	Ceartas
2%	Airgeadas, Coimirce Shóisialta agus Leas

Is iad Oideachas, Tacaíocht, Cúram agus Cosaint Teaghlaigh, agus Sláinte na ceisteanna is mó a bhíonn mar bhunús i gcónaí leis na gearáin a fhaigheann an OOL. Bíonn siad seo go comhsheasmhach na ceisteanna is coitianta a ardaítear i ngearáin a dhéantar thar ceann leanaí gach bliain agus bhí an treocht sin ann i gcónaí in 2020.

Mar gheall ar an bpaindéim ní bhfuair muid an líon céanna ná na cineálacha céanna gearáin in an-chuid réimsí. Ba de bharr go raibh a lán seirbhísí dúnta nó gan bheith ag tairiscint ach clúdach bunúsach é seo. Is deacair mar sin comparáid a dhéanamh idir an cineál gearáin a fuarthas in 2020 leo siúd a fuarthas i mblianta eile. Coigeartaíodh ról na ngearán chomh maith chun dul i ngleic leis an athrú a bhí tagtha ar an tionchar a bhí aige seo ar leanaí. Bhí áisc deifnídeacha ann i gcaitheamh na bliana agus sinn ag obair ar na gearáin nuair a bhí orainn eolas fíor-ama a lorg ó chomhlachtaí poiblí agus Ranna maidir leis an gcaoi ab fhearr le leanaí agus a n-abhcóidí a threorú de réir mar chuaigh tionchar méadaithe faidreiseach na paindeime i bhfeidhm ar sheirbhísí, tacaíochtaí agus saol na leanaí.

Is den tábhacht a thabhairt faoi deara go ndearnach gearáin faoi líon áirithe ceisteanna nua a bhain le leanaí in 2020. Orthu seo tá an deighilt dhigiteach, easpa soiléire maidir le scrúduithe Stáit, an tionchar díreireach a bhí ag an bpaindéim ar leanaí faoi mhíchumas, leanaí i gcúram agus leanaí i dteaghlaigh ardriosca.

Bhain gearáin oideachais le scoileanna, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus gníomhaireachtaí oideachais eile a bhfuil ról acu i dtacú nó soláthar rochtana ar an oideachas, ar nós na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE).

I gcás gearán maidir le Tacaíocht, Cúram agus Cosaint Teaghlaigh, baineann siad le Tusla, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Féadann siad chomh maith eagraíochtaí eile a áireamh ar nós Fheidhmeannas na Seirbhísí Sláinte (HSE), ospidéal nó Cúirt a fhéadann eochair-ról a chomhlíonadh do leanaí nuair a bhíonn siad féin nó a n-abhcóidí ag lorg tacaíochta, cúraim agus cosanta den sórt sin.

Catagóir shuntasach atá ag teacht chun cinn is ea gearáin a bhaineann le creiseanna agus cúram leanaí a chuimsítear in Oideachas agus Tacaíocht Teaghlaigh araon. In 2020 bhain tuairim is 3% de na gearáin a fuarthas le rochtain ar shocraíochtaí creise agus láimhseáil gearán.

Bhain gearáin sláinte leis an HSE nó ospidéal go díreach, agus is cásanna casta cuid acu lena ngabhann líon gníomhaireachtaí a bhfuil ról agus tarchur difriúla acu ar nós Tusla nó CAMHS. Bhí cúiseanna imní ann i mbliana chomh maith maidir le treoír an HSE i leith rialacháin Covid-19 agus an tionchar ar shláinte leanaí a bhí ag freastal ar an scoil.

Maidir leis na gearáin ceartais a bhí fuarthas agus a bhí sa tarchur againn, bhain siad go príomha leis an gcóras don Soláthar Díreach agus Cóiríocht Éigeandála. Bhí nithe sa chatagóir seo chomh maith nár fhéad muid imscrúdú a dheanamh orthu ar a n-áiríodh ceisteanna cúirte, idirghníomhú leis An nGarda Síochána, agus gearáin a bhain le saoránacht, eadóirseacht agus pasanna.

Sa chatagóir 'Eile' cuimsítear iarrachtaí na foirne tacú agus eolas a thabhairt do dhaoine aonair chun rochtain ar shásanna cuí cúitithe. Bhí líon beag gearán ann chomh maith maidir leis na meáin shóisialta, agus áiseanna spóirt agus pobail.

Rannán 1

Tionchar Covid-19 ar leanaí agus obair an OOL



1. Oideachas

Fágadh oideachas leanaí ina chóir thuathail ar fad agus in an-chuid cásanna ciorraíodh é in 2020 mar gheall ar an bpaindéim. Chuathas i gcion ar leanaí de gach aois in an-chuid bealaí. De bharr gur dúnadh na scoileanna, ní amháin gur bhraith leanaí a gcairde uathu, mar aon lena múinteoirí agus na deiseanna forbartha ar fad a bhíonn ar fáil ón scoil, ach chaill cuid acu tacaíochtaí sláinte agus tacaíochtaí tábhachtacha eile, agus chaill cuid acu béilí agus teagmháil thábhachtach le duine maith fásta amháin.

Dhéileáil muid le gearáin maidir le:

1. Cianfhoghlaím agus an deighilt dhigiteach
2. Easpa soiléire maidir le scrúduithe stáit agus an tionchar meabhrach ar dhaoine óga
3. Cothroime an phróisis grád ríofa
4. Leanaí i dteaghlaigh ardriosca gan bheith in ann rochtain ar chianfhoghlaím
5. An tionchar díréireach ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

An rud a rinne muid:

Cianfhoghlaím, an deighilt dhigiteach agus easpa soiléire maidir le scrúduithe stáit

Mar gheall ar bhriseadh amach COVID-19 agus na bearta dianghlása ina dhiaidh sin as a dtáinig dúnadh na scoileanna, fágadh daoine óga le han-easpa soiléire maidir lena n-oideachas agus stádas na scrúduithe stáit. Bhain formhór na ngearán oideachais a fuair muid le Scrúduithe na hArdteiste agus an tionchar a bhí aige sin ar shaol laethúil na ndaoine óga.

Bhí an tOmbudsman do Leanaí i dteagmháil an t-am ar fad leis an Aire Oideachais agus leis an Roinn ag cur ar aghaidh cúiseanna imní na mac léinn agus a dteaghlach. Ghníomhaigh OOL go láidir, ag tabhairt dúshláin do phleananna a bhí molta agus ag moladh réiteach féideartha thar ceann na leanaí. Chuir OOL béim go comhsheasmhach ar an drochtionchar a bhí ag an tréimhse an-strusmhar seo ar shláine mheabhrach leanaí.

In 2020 tháinig 6% de na gearáin go díreach ó leanaí, méadú é seo ó 3% in 2019. Is féidir an méadú ar an líon leanaí a rinne teagmháil le OOL in 2020 a chur ina leith siúd a rinne teagmháil maidir le ceisteanna oideachais den chuid is mó agus tugann sé sin le tuiscint an leibhéil suaite a bhí ann i measc mac léinn.

Bíodh is gur bhain gearáin a rinneadh don OOL le gráid ríofa, bochtaineacht dhigiteach nó ceisteanna eile, luaigh 100% de na leanaí a rinne teagmháil linn sláinte mheabhrach leanaí.

**Uaireanta
bíonn fonn
orm tabhairt
isteach**



**Gheobhadh mo
dheartháir bás dá
bhfaigheadh sé
covid agus mar an
gcéanna le
mo mham**

Leanaí atá ina gcónaí i dteaghlaigh an-ardriosca

Le linn shamhradh 2020, cuireadh ar an eolas sinn faoi Theaghlaigh Tréigthe; grúpa leanaí nach raibh in ann filleadh ar an scoil mar go raibh an baol ann go dtógfadh ball soghonta den teaghlach an víreas. Bhraith na teaghlaigh tréigthe nuair a chuir an Roinn Oideachais amach a treoir maidir le leanaí bheith ag filleadh ar an scoil tar éis an tsamhraidh. Bhí leanaí sa chatagóir ardriosca díolúnaithe ó filleadh ar an scoil agus rinneadh soláthar do sheachadadh a n-oideachais ó chian. Ar an drochuair ní raibh na leanaí sin a raibh tuismitheoir nó siblín sa chatagóir ardriosca díolúnaithe agus bhíodhas ag súil go bhfillfidís ar an scoil mar ba ghnách. Fuair an Oifig seo teagmháil dhíreach ó naoi theaghlach de na teaghlaigh seo.

Is iomaí leanbh a scríobh go díreach chuig an Ombudsman do Leanaí ag cur in iúl an eagla a bhí orthu go mbeidís ina gcúis le bás

tuismitheora nó siblín. Bhí cuid mhór díobh ag tabhairt aghaidhe ar bhlianta na scrúduithe agus bhí na scoileanna tar éis a rá leo nach raibh tada a d'fhéadfaidís a dhéanamh.

Ag seo sleachta as litreacha a fuair an Dr Niall Muldoon agus a scríobh leanaí:

“Tar éis sé bliana sa mheánscoil agam, áit ar shíl mé go mba mhór acu mé, dúirt príomhoide na scoile liom nár cheadaithe dom ranganna ar líne a bheith agam. Nuair a fiafraíodh de cén fáth, dúirt sé nach ndéanadh sé sin mar nach raibh air a leithéid a dhéanamh”

“Gheobhadh mo dheartháir bás dá bhfaigheadh sé covid agus mar an gcéanna le mo mham”

“Bíonn sé breoite gach aon lá. Cén chaoi a n-iarrfaí orm tuilleadh riosca a chur air agus mise ag meascadh cúig lá sa tseachtain le 1250+ leanbh sa scoil agus beagnach 100 múinteoir/COSanna/Foireann?”

Bíonn sé breoite gach aon lá. Cén chaoi a n-iarrfaí orm tuilleadh riosca a chur air agus mise ag meascadh cúig lá sa tseachtain le 1250+ leanbh sa scoil agus beagnach 100 múinteoir/COSanna/Foireann?”

Tá sé ag dul an-dian orm mé féin a mhúineadh

“Tá sé ag dul an-dian orm mé féin a mhúineadh”

“Laethanta áirithe bíonn uamhan orm faoi éirí as an leaba agus tosú ag foghlaim ábhair úrnua gan treoir ar bith”

“Uaireanta bíonn fonn orm tabhairt isteach”

Chuaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí chun cainte leis an Aire Oideachais agus leis an Roinn Sláinte chun imnithe an ghrúpa seo leanaí a aibhsiú. Fuair muid amach ó Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, go raibh méadú drámata tagtha ar an líon iarratas ar Scolaíocht Bhaile ach go raibh leanbh ar chlár na scoile aige/aici go dtí go bhféadfaí an t-iarratas a phróiseáil. Bhí cuid de na scoileanna níos tacúla ná mar a bhí cuid eile díobh.

Cuireadh isteach ar phléanna faoi thacaíocht do na leanaí seo leis an tríú ráig de Covid-19 a bhuail Éire ar dúnadh na scoileanna go léir dá barr díreach roimh an Nollaig.

Laethanta áirithe bíonn uamhan orm faoi éirí as an leaba agus tosú ag foghlaim ábhair úrnua gan treoir ar bith

Gráid Ríofa

Cás-staidéar 1 – Gan aon ghrád ríofa do Steven

Rinne máthair Steven gearán don OOL faoin gCóras Grádaithe Ríofa. Bhí Steven, a bhí 17 mbliana d'aois, tar éis staidéar a dhéanamh ar ábhar lasmuigh den scoil le teagascóir ach bhíothas tar éis grád ríofa don ábhar a dhiúltú dó. Níor thuig máthair Steven cén fáth nár tugadh grád dá mac ós rud é go raibh an obair a rinne sé leis an teagascóir doiciméadaithe. Chuir máthair Steven in iúl gur chuir sé seo strus mór ar Steven mar go raibh obair dhian déanta aige ar an ábhar agus bhí sé ag súil go dtuillfeadh an grád a gheobhadh sé na pointí a bhí de dhíth aige don chúrsa a roghnódh sé san ollscoil. Bhí na nósanna imeacht áitiúla leis an roinn ídithe aige, sás na n-achomharc neamhspleách san áireamh.

An rud a rinne muid:

Scríobh muid chuig Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa (CGEO) sa Roinn Oideachais chun soiléire a lorg faoin bhfáth nár tugadh grád ríofa do Steven agus an réasúnaíocht taobh thiar den chinneadh seo. D'iarr muid chomh maith an fhaisnéis ar fad a bhí bailithe ag an CGEO a bhí mar bhonn eolais acu dá gcinneadh mar aon leis an bhfaisnéis a cuireadh ar aghaidh chuig Scrúdanóir Neamhspleách na nAchomharc (IAS) nuair a chuir Steven achomharc faoi bhráid.

Rinne muid miondealú ar an bhfaisnéis ar fad a soláthraíodh agus chrostagair muid é seo in aghaidh an phrótacail achomharc arna leagan amach ag an Roinn Oideachais don CGEO agus an IAS araon.

Toradh

Sa chás ar leith seo is dealraitheach gur chloígh an CGEO agus an IAS araon leis na beartais achomharc agus nósanna imeachta arna leagan amach ag an Roinn Oideachais chun déileáil le hachomhairc maidir leis an gCóras Grádaithe Ríofa.

Agus an méid sin ráite tá fhios againn go ndearnadh roinnt dúshlán in aghaidh na bpróiseas grádaithe ríofa agus táimid ag súil go mbeidh ní ar bith a foghlaimíodh in 2020 ag cur dlús le feabhsúcháin do na mic léinn in 2021.

Dúshlán do leanaí ata ag filleadh ar an oideachas speisialta

Cás-staidéar 2: Amchlár laghdaithe an t-aon rogha do Sam

Buachaill 7 mbliana d'aois a bhfuil uathachas air is ea Sam. Tháinig a thuismitheoir chuig OOL nuair a diúltaíodh iontráil ar an socil do Sam, mura dtoileodh a thuismitheoirí le hamchlár a bheadh laghdaithe go suntasach. Bhí Sam tar éis bheith breoite rud a raibh mar thoradh air nach raibh sé in ann cógaisíocht a ghlacadh ar feadh tamaill. Nuair nach mbíonn an chógaisíocht aige féadann deacrachtaí bheith le hiompar Sam. A luaithe a bhí biseach ar Sam, bhí sé in ann cógaisíocht a ghlacadh arís ach bhí an scoil i gcónaí ag áiteamh go bhfanadh Sam ar amchlár laghdaithe.

Nuair a chuir a thuismitheoirí ceist ar an scoil, chuir an socil in iúl nach raibh siad in ann Sam a bhainistiú gan COS lánaimseartha.

Bhí deimhniú faighte ag na tuismitheoirí ó SENO go raibh tacaíocht ar bun chun go mbeadh Sam in ann freastal ar an scoil. D'iarr siad filleadh céimnithe ar an scoil ach diúltaíodh ar dtús dóibh. Tar éis cruinnithe ildisciplíneach ag an scoil thoiligh an Príomhoide Sam a ligean ar ais ar an scoil. Choimeád siad an ceart, áfach, glaoch a chur ar na tuismitheoirí am ar bith chun é a thógáil dá mbeadh imnithe ar bith ann faoi shábháilteacht. Dúirt an tuismitheoir go raibh faitíos air go nglaofaí go rialta air chun Sam a thógáil de bhrí go raibh a chaidreamh leis an scoil briste.

An rud a rinne muid:

Bhuail OOL le hionadaithe ó Sheirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) agus d'ardaigh muid ár gcúis imní faoi úsáid amchlár laghdaithe sa chás seo. Iarradh ar OOL gach imní faoi úsáid seo na nAmchlár Laghdaithe a thuairisciú do Bhainisteoir Réigiúnach TESS agus don Oifigeach Leasa Oideachais (EWO).

Bhuail an EWO leis an scoil agus leis na tuismitheoirí ar leithligh. Tháinig sé ar an tuairim nárbh í an scoil seo an scoil ab fhearr do Sam agus thacaigh sé leis na tuismitheoirí chun iarratas a chur isteach ar iontráil ar scoil speisialta a bheadh in ann freastal níos fearr ar riachtanais Sam.

Toradh:

D'fhan Sam sa scoil sin ar feadh na coda eile den scoilbhliain agus ní dhearnadh aon laghduithe eile ar a amchlár. Tá a tuismitheoirí, le cabhair ón EWO, tar éis iarratas a chur isteach ar iontráil ar scoil speisialta i Meán Fómhair 2021 mar is fearr a d'oirfeadh an scoil sin dó chun a riachtanais oideachais a shásamh.

Mar oifig, áfach, tá imní orainn i gcónaí maidir le húsáid amchlár laghdaithe agus beimid ag gabháil leis an Roinn Oideachais i gcónaí faoin gceist seo.




Oideachas faoi cheart leanaí

Braitheann an-chuid d'obair na Foirne Oideachais faoi Rannpháirtíocht agus Cearta – ceardlanna, comhairliúcháin agus rannpháirtíocht – ar theagmháil aghaidh ar aghaidh le leanaí agus aosaigh. De bhrí nach raibh an teagmháil seo indéanta le linn srianta Covid-19, níor mhór cuid de na tionscadail a chur ar athló agus níor mhór bealaí eile a fhorbairt chun leanaí agus mic léinn 3ú leibhéal ach go háirithe a bhaint amach. Cé go raibh teorainn áirithe le scóip na foirne, tá ár ndícheall déanta againn chun gabháil leis an oiread leanaí is féidir trí ardáin ar líne.

Ceardlanna oideachais faoi chearta

Tá seachadadh ceardlann oideachais do leanaí agus daoine óga mar chuid lárnach dár gcuid oibre leis na blianta fada. Ar an drochuair, mar gheall shríanta Covid-19, ní raibh muid in ann leanaí a fháiltiú isteach san oifig againne i gcomhair ceardlann ar feadh na coda is mó de 2020. Chuir sé seo an-diomá orainn mar go raibh athchóiriú ár spásanna oideachais curtha i gcrích i mí Eanáir 2020.

Sular dúnadh na scoileanna agus gur tugadh isteach na srianta i mí Márta 2020, tháinig seacht scoil – cúig bhunscoil agus dhá iar-bhunscoil – chuig na hoifigí i gcomhair ceardlann. Ar an iomlán, d'fhreastail 112 dalta bunscoile agus 28 dalta iar-bhunscoile ar na ceardlanna seo. Thaitin an spás oideachais nua againn agus na háiseanna idirghníomhacha a chuireann sé ar fáil leis na leanaí.



Rinne muid ceardlanna ó chian a phíolótú le leanaí nuair a athosclaíodh na scoileanna i mí Mheán Fómhair 2020. Tionóladh na ceardlanna seo ar Zúm thar trí rang, agus 29 leanbh ag glacadh páirte iontu. Is éard tá sna ranganna ná buntreoir don CNACL, cearta leanaí agus an oifig. D'iarr muid ar dhaltáí bunscoile póstaí a dhearadh faoi chearta leanaí nó ceart dá rogha féin agus ar dhaltáí meánscoile clár fógraí, póstaí nó fógra a dhearadh chun an rialtas a spreagadh chun beart a dhéanamh chun cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint. Tar éis an phíolóta rathúil, tá beartaithe againn na ceardlanna seo ó chian a thairiscint arís in 2021 fad is a bhíonn na srianta ann.

It'syourright.ie

Lainseáil muid ár leathanaigh idirlín nuachóirithe It's Your Right i mí Mheán Fómhair 2019, agus eolas ann do thrí ghrúpa aoise: 4 go 7 mbliana; 8 go 12 bhliain agus 13+ bhliana agus cluiche idirghníomhach ar a dtugtar Right's Runner, dírithe ar leanaí in aois 8 go 12 bhliain.

In 2020 rinne muid an t-eolas ar It's Your Right a nuashonrú agus a bhreisiú i gcónaí agus é a chur chun cinn trí na scoileanna. Rinne muid líon áirithe acmhainní oideachasúla ar líne do scoileanna agus mic léinn a fhorbairt agus cinn nua a chur leo siúd a bhí ann cheana nuair a bhí na scoileanna dúnta. Orthu seo bhí físeáin, nótaí agus gníomhaíochtaí do mhic léinn sa bhunscoil, sa Teastas Sóisearach agus san Ardteist mar aon le físeán féinfhoghlama agus nótaí do mhic léinn Polaitíochta agus Sochaí.

Socraíochtaí oibre don Idirbhliain

Gach bliain, failtíonn OOL líon áirithe mac léinn Idirbhliana (TY) don oifig i gcomhair socraíochtaí taithí oibre. Is tábhachtach an deis é seo dúinn bheith ag obair go díreach le leanaí agus deis a thabhairt dóibh a fháil amach céard is ciall le cearta ina gcás féin. I ngnáth-thosca, caitheann na mic léinn seo seachtain san oifig againn ag bualadh le lucht foirne as

gach foireann agus ag obair a thionscadal is rogha leo.

In 2020 d'óstáil muid cúigear mac léinn Idirbhliana san oifig roimh do na srianta teacht isteach agus gur dúnadh na scoileanna. D'fhonn deiseanna socraíochta a chur ar fáil níos déanaí in 2020, rinne muid iad seo a phíolótú i mí na Samhna agus thug beirt mhac léinn Idirbhliana faoina socraíochtaí linne ó chian. Bhuaill siad linn trí Zúm gach lá, bhuaill siad le lucht foirne ón oifig ar fad, d'oibrigh siad i gcomhar lena chéile ó chian ar thionscadail agus scríobh siad blaganna dúinn ar cheist ba rogha leo. Tá a mblaganna curtha suas ar ár leathanaigh idirlín It's Your Right.

Bíodh is go mb'fhearr linn mic léinn idirbhliana bheith san oifig againn, bhí an t-aiseolas ar na socraíochtaí ó chian go dearfach ar an iomlán ón mbeirt mhac léinn a ghlac páirt iontu. Tá beartaithe againn na socraíochtaí ó chian seo a thairiscint i gcónaí fad a mhaireann na srianta.

Clár 3ú leibhéal

Tá sé mar chuid leanúnach dár n-obair oideachais agus feasachta gabháil le mic léinn tríú leibhéal a bhfuil fúthu bheith ag obair le leanaí ina ngairmréimeanna – leithéid ábhar oibríthe sóisialta, múinteoirí, gairmithe blianta luatha agus cúramóirí sóisialta. D'fhonn iad a spreagadh chun machnamh go criticiúil ar a ról agus ar a gcleachtas gairmiúil, cuirimid ar fáil ceardlanna agus seimineáir faoin CNACL agus faoin gcaoi is féidir le gairmithe cearta na leanaí lena n-oibríonn siad agus obair na hoifige againn a chur chun cinn agus a chosaint.

Mar a tharla lenár gceardlanna do leanaí, bhí teorainn leis an líon seimineáir agus ceardlann tríú leibhéal in 2020 agus ní raibh aon dul as sin. Sular tugadh isteach na srianta go luath sa bhliain, sheachaid muid sé sheimineáir tríú leibhéal i gceithre institiúid chuig iomlán de 211 mac léinn. Le linn na coda eile de 2020 sheachaid muid chomh maith ceithre

sheimineár ó chian i dtrí institiúid. D'fhreastail 95 mac léinn ar na seimineáir ó chian seo.

2. Sláinte

Bhí liostaí feithimh ar bharr na ngearán in 2020 de réir mar a dhírigh na seirbhísí sláinte ar an phaindéim a chomhrac agus níl dabht ná go mbeidh sé seo mar théama ceannasach in 2021. Bhain gearáin sláinte leis an HSE nó le hospidéal go díreach, agus is cásanna casta cuid acu a bhfuil líon gníomhaireachtaí, a bhfuil ról agus tarchuranna difriúla acu, ar nós Tusla nó CAMHS, gafa leo. Bhí roinnt cúiseanna imní ann i mbliana chomh maith maidir le treoir an HSE i leith rialachán Covid-19 agus an tionchar ar shláinte leanaí a bhí ag freastal ar an scoil.

Cás-staidéar 3: Tacaíocht cúraim bhaile do Fionn

Buachaill 8 mbliana d'aois é Fionn a bhfuil riachtanais chasta míochaine aige agus teastaíonn buantacaíocht anáilaithe uaidh agus mar thoradh air sin ní féidir é a fhágáil leis féin am ar bith, fiú i rith na hoíche. Faigheann sé pacáiste péidiatrach cúraim bhaile trí sholáthróir príobháideach seirbhíse a fuair an HSE. Tá Fionn agus a theaghlach ag brath go hiomlán ar an pacáiste cúraim bhaile, agus ina éagmais ní fhéadfadh Fionn fanacht sa mbaile agus theastódh cúram

lánaímseartha mar othar cónaitheach uaidh.

Rinne athair Finn gearán do OOL maidir leis an HSE agus soláthróir príobháideach seirbhíse a bhí faoi chonradh ag an HSE chun pacáiste cúraim bhaile a chur ar fáil. Rinne athair Finn gearán don soláthróir seirbhíse maidir le rúndacht agus discréd, sábháilteacht agus inniúlacht na foirne, rost agus iompar míghairmiúil ag an mbainistíocht. Rinneadh an gearán a iniúchadh ach níor seasadh leis. Ní raibh athair Finn sásta leis an toradh agus chuir sé a imní in iúl don HSE agus don soláthróir seirbhíse agus go gairid ina dhiaidh sin chuir an soláthróir seirbhíse foirceann lena gconradh leis an HSE i gcomhair cúraim Fhinn. Creideann athair Finn gur de bharr an ghearán a rinne seisean a chinn siad ar an gconradh a fhoirceannadh. Dúirt an HSE gur de bharr earráide a treoraíodh an t-athair chuig an HSE chun athbhreithniú ar an ngearán a lorg ach, de bharr athrú beartais in 2017, gur ar sholáthróirí seirbhíse pacáistí péidiatracha cúraim bhaile a bhí an fhreagracht anois athbhreithnithe dá leithéid a thabhairt i gcrích. Chuir athair Finn imní in iúl ina ghearán chuig OOL faoi mhaoirseacht an HSE ar phacáistí péidiatracha cúraim bhaile, chuir sé in iúl nár tugadh deis do theaghlach aiseolas a thabhairt faoin tseirbhís a bhí faighte ag an leanbh.

An rud a rinne muid:

Scríobh muid chuig an HSE agus chuir muid agallamh ar Cheannasaí na Seirbhíse Cúraim Phríomhúil sa réimse i gceist. D'admhaigh an HSE go raibh lochtanna ar a gcumarsáid le hathair Finn. Mhínigh siad an mhaoirseacht ar phacáistí péidiatracha cúraim bhaile, go dtarlaíonn sé sin trí

phróiseas Athbhreithnithe ar Shocruithe Seirbhíse agus tríd an tseirbhís altranais sláinte phoiblí. D'admhaigh an HSE go mba cheart dóibh a thabhairt faoi deara go raibh neamhréire i mbeartas gearán an tSoláthróra Seirbhíse i leith na caoi ina ndéantar athbhreithniú ar ghearáin agus ghabh siad a leithscéal as na lochtanna seo. Mhínigh siad go bhfuil pleananna chun fóraim dhá uair sa bhliain a chur ar bun do thuismitheoirí leanaí a fhaigheann pacáistí péidiatracha cúraim bhaile curtha ar an méar fhada mar gheall ar ghéarchéim Covid-19. Tabharfar deis do thuismitheoirí aiseolas a chur ar fáil maidir leis an tseirbhís atá siad ag fáil.

Bhuail muid le baill foirne ón Soláthróir Seirbhíse agus d'admhaigh siadsan go raibh a mbeartas gearán míchruinn i leith na socruithe d'athbhreithniú gearán. Dá bhrí sin, ní raibh sás ar fáil d'athair Finn chun a iarraidh go nglacfaí lena ghearán. Tá a mbeartas nuashonraithe ag an Soláthróir Seirbhíse chun a léiriú gur fúthu féin atá sé a n-athbhreithnithe féin ar ghearáin a chur i gcrích. Tá duine atá cáilithe go hoiriúnach sainaitheanta acu chomh maith chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ngearán maidir le cúram Fhinn agus tá tiomantas acu athbhreithniú a dhéanamh.

Toradh:

Spreagann OOL comhlachtaí poiblí i gcónaí chun gearáin a réiteach go háitiúil agus cuireann siad an méid sin chun cinn. Táimid sásta leis na pleananna atá ag an Soláthróir Seirbhíse chun socrú a dhéanamh d'athbhreithniú neamhspleách ar an ngearán. Scríobh muid chuig an HSE chomh maith á spreagadh chun dul ar aghaidh le pleananna d'fhóraim a chur ar

bun do thuismitheoirí leanaí atá ag fáil pacáistí cúraim bhaile a luaithe a bheidh sé sábháilte a leithéid a dhéanamh de réir na dtreoirínte sláinte poiblí. Dúirt muid le hathair Finn gur ceadaithe dó filleadh ar an HSE má bhíonn sé míshásta i gcónaí tar éis don athbhreithniú ar an ngearán bheith curtha i gcrích. Tá sé nótáilte againn chomh maith go mbeidh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ag forbairt caighdeán nua do phacáistí cúraim bhaile, rud is maith linn agus rud a chinnteoidh go bhfaigheann teaghlaigh Finn agus teaghlaigh eile dá leithéid cúram den scoth.

How's Your Head? A Resource for Staying Afloat Post-COVID-19

In mí Iúil 2020, rinne India Kennedy, Oifigeach Réigiúnach Dhún na nGall d'Aontas na Mac Léinn Meánscoile in Éirinn (ISSU), teagmháil le OOL. Bhí India, mac léinn den 6ú Bliain, tar éis lámhleabhar sláinte meabhraí agus folláine a thaighde agus a scríobh - How's Your Head? A Resource for Staying Afloat Post-COVID-19 – chun cabhrú le mic léinn atá ag filleadh ar an scoil i mí Mheán Fómhair i gcomhthéacs an 'tsaoil normalta nua' leis an bpaindéim Covid-19 agus na srianta.

Chuir muid cuidiú eagarthóireachta agus foilsithe ar fáil do India agus a comhghleacaithe san ISSU chun cabhrú léi an scéala faoin lámhleabhar a scaipeadh ar ár meáin shóisialta.

3. Forbairt agus saol teaghlaigh leanaí

Bhí muid suaite faoin tionchar trionúiseach fisiceach, mothúchánach agus síceolaíoch a bhí ag Covid-19 agus beartais an Rialtais dá éis ar shaol leanaí agus teaghlach. A réimse laghdaithe go dtí 2 km, a scoileanna dúnta, deireadh curtha lena spóirt foirne agus a bpáirceanna imeartha faoi ghlas.

Ní thagann deireadh leis an gceart atá ag leanaí go n-éistfí leo agus go gcuirfí sa chuntas iad i bpróisis cinnteoireachta i gcásanna géarchéime ná dá n-éis. Dá bhrí sin, i mBealtaine 2020 rinne muid aighneacht chuig an Special Oireachtas Committee ar an bhfreagairt ar Covid-19 ag cur béime ar ár n-imní mhór agus ag iarraidh go ndéanfadh an rialtas mar seo a leanas:

- Cinntiú go mbíonn rochtain ag leanaí ar thacaíocht sláinte meabhraí trí pé bealach is gá e.g. fón/ar líne.
- Íoslaghdaigh an briseadh i rochtain leanaí ar chúram sláinte nach bhfuil bainteach le Covid-19.
- Cruthaigh acmhainní ar líne a sholáthróidh eolas gnéasach agus sliochtmar a bheidh báuil le leanaí, ar a n-áireofaí an chaoi le rochtain ar sheirbhísí le linn géarchéime Covid-19.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chlár vacsaínithe chun a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh nuabheirthe agus gach leanbh in aois scoile a vacsaíniú.
- Eolas cruinn a scaipeadh faoi Covid-19 i bhformaidí atá báuil le leanaí agus inrochtana ag na leanaí ar fad, ina measc leanaí faoi mhíchumas, leanaí gur imircigh iad, leanaí gur baill den Lucht Siúil agus de phobal na Romach iad, agus leanaí a bhfuil rochtain theoranta acu ar an idirlíon.
- Bheith i gcónaí ag sainaitheint go tapa braislí ionfhabhtuithe laistigh de ghrúpaí

sainiúla daoine e.g. cóiríocht mhaireachtála chomhchoiteann agus/nó grúpaí sainiúla eitneacha, agus beart cuí a dhéanamh dá réir.

- An feachtas Still Here a leathnú chun oideachas ar mhí-úsáid leanaí a chur san áireamh.
- Seirbhísí i gcomhair teaghlach faoi riosca a leathnú, cuairteanna baile ar theaghlaigh ina bhfuil leanaí faoi ardriosca foréigin san áireamh.
- Tosaíocht a thabhairt d'atosú iomlán gníomhaíochtaí na Seirbhíse Cúirte chun críocha gnóthaí dlí teaghlaigh.
- Feachtais feasachta a chur ar bun faoi rioscaí na mí-úsáide ar líne, dúshaothrú gnéasach leanaí san áireamh.
- Lig do leanaí atá ag teacht as bheith faoi chúram fanacht sa socraíocht ina bhfuil siad faoi láthair. Ní ceart leanaí ar leithligh atá ag iarraidh tearmainn agus a shlánaíonn 18 mbliana le linn na géarchéime seo a chur i soláthar díreach fad a bheidh an phaindéim seo ann.
- Machnaimh na scoileanna agus seirbhísí eile pobal-bhunaithe a oscailt go páirteach le linn laethanta saoire traidisiúnta an tsamhraidh chun a chinntiú nach bhfanann leanaí “dofheicthe” ar feadh achair fhada ama. Tá sé seo tábhachtach i gcás leanaí faoi mhíchumas ach go háirithe.
- Ceadaimh cuairteanna rochtana do thuismitheoirí agus/nó siblí i dteaghlaigh dhifriúla mar chuartaíocht riachtanach shóisialta fad a mhaireann na srianta reatha Covid-19.
- Moratóir sealadach a leagan ar athchuranna gearra do leanaí fad a mhaireann an ghéarchéim Covid-19.
- Cuir leis na scéimeanna coimirce sóisialta chun na teaghlaigh is soghonta a chosaint agus chun aon mhéadú féideartha ar an mbochtaineacht i measc leanaí a íoslaghdú.

- Aistrigh leanaí i gcóiríocht chomhchoiteann chuig suíomhanna níos oiriúnaí a bheidh bunaithe ar theaghlaigh nó chuig timpeallachtaí a bheidh báúil le teaghlaigh.
- Déan iniúchadh ar na húdaráis áitiúla chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na treoirlínte chun leathadh Covid-19 a laghdú agus an riosca ionfhabhtaithe a mhaolú i measc an Lucht Siúil.
- Leathnaigh Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime chuig daoine óga d'aois 16 agus 17 mbliana a bhí lánfhostaithe roimh an bpaindéim agus a raibh dóthain íocaíochtaí ÁSPC acu chun cáiliú don íocaíocht seo, má ba dhaoine fásta iad.
- Pléigh agus cuir chun cinn réitigh cruthaitheacha chun go mbeidh leanaí in ann leas a bhaint as a gceart bheith ag súgradh go sábháilte.
- Toirmisc an t-idirdhealú in aghaidh leanaí bheith ag dul isteach in ionaid ghnó ar nós siopaí grósaera agus siopaí crua-earraí mar go mbíonn sé seo ina chonstaic shuntasach do chuid de na tuismitheoirí.
- Déan monatóireacht ar shannadh sealadach cúntóirí riachtanas speisialta ('SNAs') chuig an HSE chun a chinntiú go mbíonn tacaíocht leanúnach ann do theaghlaigh trí bhíthin a bhFoirne Líonraithe do Leanaí faoi Mhíchumas.
- Spreag gach scoil chun deasghnátha móra aistrithe saoil do leanaí a cheiliúradh, mar shampla, an searmanas fágála scoile.
- Tabhair cinnteacht maidir le hathoscailt na scoileanna, go háirithe dóibh siúd atá ag bogadh isteach i mblianta na scrúduithe (mic léinn na 3ú agus na 6ú Bliana).
- Tabhair rochtain shaor nó lascainithe ar threalamh idirlín agus ríomhaire ar ardchaighdeán i gcomhair teaghlach agus scoileanna araon i measc aicmí bochta nó imeallaithe den daonra.

- Freastail ar riachtanais na leanaí is soghonta a chaillfidh seirbhísí rithábhachtacha, béilí ina measc, fad is atá na scoileanna dúnta.
- Machnaigh ceadú do leanaí faoi mhíchumas nó leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu filleadh ar an gcreis faoi dháta níos luaithe faoi réir ag bearta cuí sábháilteachta.

4. Soláthar Díreach

Soláthar Díreach : An Saol faoi Dhianghlasáil

Nuair a cuireadh srianta Covid-19 i bhfeidhm i mí Márta 2020, bhí 2,400 leanbh ag lorg cosanta idirnáisiúnta in Éirinn agus iad ag maireachtáil i Soláthar Díreach nó i gcóiríocht éigeandála. Le linn mhí Lúnasa 2020 labhair muid le líon beag leanaí a raibh páirt glactha acu sa chomhairliúchán níos luaithe againn chun a fháil amach cén chaoi a raibh an saol faoi dhianghlasáil dóibhsean.

Bhí an-chuid de na hábhair imní agus buartha céanna ag na leanaí is a bhí ag a lán leanaí eile in Éirinn, ina measc iad a bheith ag dul siar ar scoil, imní faoi fhilleadh ar an scoil agus bheith gan chosaint ón víreas, imní faoina muintir bheith ag fáil breoite leis an víreas, leithlisiú agus leadrán, easpa réimsí chun siamsa agus comhluadar a dhéanamh, mar aon le heaspa eolais faoi Covid-19, nó eolas mearbhlach faoi.


Méadaíodh ar an leadrán, ar an uaigneas agus ar an bhfrustrachas a bhí ar fhorhmór na ndaoine i rith na dianghlasála i gcás leanaí a bhí ag maireachtáil i gcóiríocht i Soláthar Díreach mar gheall ar go raibh orthu fanacht istigh, i seomra no spás maireachtála beag amháin go minic, in éineacht lena dteaghlach ar fad ar feadh míonna.

De réir na leanaí, is é a gceart chun oideachais ba mhó a bhí thíos de bharr na dianghlasála. Dúirt na leanaí go léir ar labhair muid leo go rach deacrachtaí acu le coinneáil suas ar scoil mar gheall ar easpa seirbhísí tacaíochta, bochtaineacht dhigiteach agus baic teanga.

Bíonn spiorad an chomhluadair i measc leanaí atá ag maireachtáil i Soláthar Díreach, a dtacaíocht dá chéile agus an caidreamh a éiríonn eatarthu ina gcosaint in aghaidh an aonraithe ghinearálta sóisialta dóibh. Cuireadh na caidrimh seo i mbaol le linn na dianghlasála, áfach, mar gur tharla ráigeanna i lárionaid. Aistríodh teaghlaigh ó lárionaid chun féinleithlisiú áit eile agus dá bharr sin dúirt leanaí go raibh stiogma orthu agus go raibh siad leithlisithe amach óna bpiaraí féin tar éis dóibh filleadh ar an lárionad.

Mhéadaigh an phaindéim Covid 19 agus an chéad dhianghlasáil ar an aonrú, an eisiamh agus an imeallú i measc leanaí a bhí ag maireachtáil cheana, go han-mhinic, ar imeall na sochaí Éireannaí agus d'aibhsigh sé go géar cuid mhór de lochtanna chóras an tSoláthair Dhírigh.

Is féidir rochtain ar an tuarascáil againne [Direct Division: Life in Lockdown](#) ar ár suíomh idirlín.



Rannán 2

Ceartha leanaí a chur chun cinn



Bíodh is go ndeachaigh an phaindéim i gcion ar an gcaoi a rinne OOL a cuid oibre ar fad in 2020, bhí roinnt tionscadal agus foilseachán ann ar leanadh leo agus a tugadh chun críche in 2020. Cuimsíonn an obair seo an oifig ar fad agus áirítear uirthi iniúchtaí, taighde agus foilseacháin a rinne ár bhfoireann Beartais, iad siúd a bhí ag gabháil le Rannpháirtíocht agus Cearta oideachais, mar aon le Gearáin agus Iniúchtaí.

5. Míchumas

Tá sé ina thosaíocht ag OOL leis na blianta fad díriú ar chearta agus riachtanais leanaí faoi mhíchumas agus is cuid dár bPlean Straitéiseach 2019-2021 é. In 2020 tigadh faoi roinnt eochair-phíosáí oibre agus tugadh chun críche iad.

In 2020 d'fhoilsigh muid Cás Jack. Bhí tábhacht ag baint leis an gcás seo mar go n-aibhsítear leis, arís eile, na constaicí atá roimh leanaí faoi mhíchumas agus iad ag iarraidh rochtain ar na seirbhísí a theastaíonn uathu. Tá téacs iomlán Chás Jack le fáil ar shuíomh idirlín OOL. Cuimsítear i gcás-staidéar anseo é chun béim a chur ar an riachtanas le gníomhaireachtaí stáit bheith ag cumarsáid agus ag obair i gcomhar le chéile go héifeachtach ar mhaithe le leasa na leanaí.

Cás-Staidéar 4: Cás Jack

I samhradh na bliana 2016, nuair a bhí Jack trí bliana d'aois, bhí sé i dtimpiste thromchúiseach tráchta bóthair i dtír eile, ar tháinig gortú inchinne agus gortuithe suntasacha eile a d'athródh a shaol, dá barr. Diagnósíodh go raibh raon míchumas fisiceach agus míchumas trom intleachta ar Jack, buachaill a bhí tar éis clocha míle na forbartha go léir a shásamh roimhe sin, a mbeadh cúnamh iomlán le gach gné dá chúram laethúil de dhíth air mar gheall orthu sin.

In Aibreán 2017 thóg máthair Jack as an ospidéal thar lear é agus thug sí ar ais go hÉirinn é, áit ar tugadh isteach in ospidéal láithreach é. I mí Eanáir 2018 fuair muid gearán thar ceann Jack ó bhaill den bhfoireann ildisciplíneach san ospidéal géar péidiatrach ina raibh Jack ina othar cónaitheach. Chuir an fhoireann go raibh imní orthu faoi na moilleanna ar an tSeirbhís Míchumais ábhartha sa HSE ag fáil seirbhísí do Jack sa chaoi go bhféadfadh sé an t-ospidéal a fhágáil.

Nuair a dúirt máthair Jack go raibh eagla uirthi nach mbeadh sí in ann aire ceart a thabhairt dó sa mbaile, rinne oibrí sóisialta míochaine atreorú do Tusla ag cur an mhéid seo in iúl dóibh agus ag iarraidh cabhrach uathu. Ina dhiaidh seo bhí atreoruithe eile ó fhoireann mhíochaine. Dhiúltaigh Tusla dóibh seo faoi dheoidh, áfach, ar an bhforas gur ghnó don HSE amháin iad.

An rud a rinne muid:

Rinne muid iniúchadh ar chás Jack agus fuair muid amach go ndeachaigh bearta riaracháin an HSE agus Tusla araon i gcion go diúltach ar a shaol. Tar éis do Jack bheith measta réidh ó thaobh liachta de

teacht amach as an ospidéal i mí Lúnasa 2017, bhí sé ag maireachtáil i gcónaí idir dhá ospidéal agus suíomh phobail faoisimh speisialaithe ar feadh dhá bhliain go leith mar nár oibrigh Seirbhís Míchumais an HSE agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ina n-aonar agus le chéile chun a riachtanais a shásamh.

Creideann OOL go mb'fhéidir go mbeadh seans ag Jack, le tacaíocht dhóthanach, fás suas lena mhuintir, dá mba rud é gur oibrigh an HSE agus Tusla i gcomhar le chéile ag céim luath. Fiú mura raibh sé indéanta aige filleadh abhaile, bhí sé indéanta é a aistriú níos luaithe go dtí timpeallacht níos tíriúla agus é a chur ar scoil, fiú. Is oth linn chomh maith go ndearna Seirbhís Míchumais an HSE socraíocht do Jack ar deiridh le teaghlach óstach gan aon chreat dlíthiúil ná rialála, gan aon údarás ceart. Ina theannta sin, fuair muid amach nár cuireadh máthair Jack ar an eolas maidir leis na cúiseanna imní seo, agus nach cosúil go ndearnadh aon iarrach dul i dteagmháil go díreach le hathair Jack maidir le socraíocht a mhic.

Bhí easpa cumarsáide ann chomh maith idir Seirbhís Míchumais an HSE agus an t-ospidéal tar éis gur atreoraíodh Jack ar dtús i mí Lúnasa 2017, mar aon le moill mhíchúil de cheithre mhí san aga freagartha ag an HSE ar ghearán a rinne an fhoireann ildisciplíneach agus iad ag iarraidh an gnó a réiteach. Ba cheart do Tusla measúnú tosaigh ar Jack agus a theaghlach a dhéanamh nuair a chuir an t-oibrí sóisialta míochaine agus an fhoireann mhíochaine a imní in iúl dóibh agus na rioscaí agus an díobháil fhéideartha dó. Dhiúltaigh siad ar an mbonn go mba cheisteanna iad seo do Sheirbhísí Míchumais an HSE, agus

nár shásaigh Jack a dtairseach i gcomhair cúraim. Is é ár dtuairim go raibh an cinneadh seo an iomarca faoi thionchar míchumas a bheith ag Jack.

Dúirt an HSE linn go raibh 356 leanbh eile faoi mhíchumas ar theastaigh socraíocht chónaitheach uathu. Bhí siad feasach chomh maith ar chistiú breisithe bheith ag teastáil i gcomhair tacaíocht idirghabhála luaithe agus seirbhísí chun tacú le teaghlaigh faoi chrám sa mbaile.

Leis an imscrúdú seo aibhsítear gur gá do Tusla athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú na n-atreoruithe a fhaigheann siad faoi leanaí faoi mhíchumas agus ar an gcaoi a ngabhann leis an HSE chun an tacaíocht seo a sholathar. Creidimid go bhfuil ceart ag gach leanbh fás suas in éineacht lena dteaghlaigh agus nár cheart do leanbh ar bith an deis sin a chailliúint de bharr easpa acmhainní, seirbhísí agus/nó comhardaithe seirbhísí stáit.

Toradh:

Rinne OOL roinnt moltaí chuig HSE agus Tusla araon maidir le cás Jack agus chomh maith leis sin na hathruithe a bhí de dhíth chun tacaíochtaí a chur ar fáil do na 356 leanbh eile faoi mhíchumas a dteastaíonn socraíocht chónaitheach uathu. Ag croílár na moltaí seo go léir tá an gá le leibhéal ard comhoibrithe idir-ghníomhaireachta.

Mar fhreagairt ar na moltaí seo d'eisigh POFanna an HSE agus Tusla comhfhreagairt ar an Ombudsman do Leanaí, inar ghlac siad go hiomlán lenár moltaí.

Ó shin i leith, tá athbhreithniú ar phlean cúraim Jack agus tá na gníomhaireachtaí go léir anois ag obair le máthair agus teaghlach óstach Jack chun a riachtanais

a shásamh. Tá raon seirbhísí curtha ar fáil do chomh maith, trealamh míochaine agus buiséad ar leith chun riachtanais a thiocfaidh chun cinn a shásamh. Tá duine teagmhála sannta ag Tusla do chás Jack trína seirbhís tacaíochta teaghlaigh Meitheal. Tá toilithe ag an HSE agus Tusla chomh maith measúnú a shocrú féachaint an bhfuil teaghlach óstach Jack ag cloí leis na riachtanais cumhdaigh go léir (de réir Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children 2017).

Tá Jack cláraithe i scoil agus tá beirt pháirí ranga aige.

Tá toilithe ag Stiúrthóir Seirbhíse Tusla agus Príomhifigeach an HSE sa cheantar arb as do Jack bualadh le chéile go ráithiúil mar gheall ar an líon mór cásanna casta gur suim leis an dá ghníomhaireacht iad sa réimse seo.

Déanfaidh OOL athbhreithniú dul chun cinn an HSE agus Tusla i gcur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe seo chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí faoi mhíchumas de leithéid Jack nach bhfuil in ann cónaí lena dtuismitheoirí na seirbhísí agus na tacaíochtaí a theastaíonn uathu.

Riachtanais nár Sásaíodh: Tuirisc faoi na Dúshláin roimh Leanaí in Éirinn a dteastaíonn Measúnú Riachtanas uathu

Leis na blianta fada tá OOL ag fáil gearán maidir le rochtain ar Mheasúnú Riachtanas (AON) agus ar na seirbhísí atá molta do leanaí faoi mhíchumas. Táimid an-bhuartha faoin tionchar an-diúltach atá ag an gcóras AON ar shláinte agus folláine leanaí agus ar a bhforbairt amach anseo. In 2020 d'fhoilsigh muid Unmet Needs, imscrúdú ar AON ó dhearcadh ceart leanaí.

Déantar líon moltaí in Unmet Needs lena dtugtar cuntas ar na hathruithe a chreidimid gir gá iad chun freastal ar na dúshláin i leith AONanna.

Ár Moltaí:

- Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an AchtMíchumais 2005 chun a chinntiú go bhfuil na forálacha a bhaineann le leanaí cearta-bhunaithe, leanbh-láraithe agus ailínithe le hoibleagáidí idirnáisiúnta ceart daonna na hÉireann faoin CNACL agus CNACDM.
- Is gá an comhordú idir ranna ábhartha Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus soláthróirí seirbhíse a threisiú chun cur chuige soiléir, comhleanúnach don mheasúnú agus idirghabháil do leanaí faoi mhíchumas a chur ar fáil.
- Ní mór acmhainní airgeadais, teicniúla, agus daonna a chur ar fáil ar bhonn marthanach chun a chinntiú go gcuirfear measúnuithe agus idirghabhálacha ar fáil go tráthúil.

- Is gá don Stát a chinntiú go mbíonn sás feidhmiúil, inrochtana gearán ar bun do leanaí atá ag iarraidh agus ag fáil leigheasanna éifeachtacha, tráthúla.
- Ar mhaithe le planáil éifeachtach a thacú, is ceart don HSE bunachar lárnach de shonraí AON a bhailiú agus a chruthú, a bheidh inrochtana do gach teiripeoir, cliniceoir agus riarthóir atá gafa le próiseas an AON agus a cheadaíonn rochtain ar eolas ar bhonn réad-ama maidir le hamanna feithimh do choinní agus infhaighteacht seirbhísí atá mionsonraithe sa Ráiteas Seirbhíse. Is ceart Staidreamh maidir le tosú agus críochnú measúnuithe, agus cur i gcrích na Ráiteas Seirbhíse, a fhoilsiú i dtuarascálacha ráithiúla mar aon le réitigh spriocdhírthe do lochtanna ar bith.
- Is gá don HSE feabhas a chur ar a chumarsáid agus a ghafacht le leanaí agus teaghlaigh.
- Tar éis do Unmet Needs bheith foilsithe tugadh cuireadh dúinn bualadh leis an gComhchoiste ar Leanaí, Comhionannas, Míchumas agus Imeascadh ar 1 Nollaig 2020. Cuirimid fáilte roimh chinneadh an Choiste na ceisteanna a ardaíodh in ár dtuarascáil Unmet Needs a imscrúdú go mionsonraithe leis na príomhpháirtithe leasmhara, an tAire Stait le freagracht as Míchumas agus an HSE san áireamh.

Taighde faoi chearta leanaí faoi mhíchumas in Éirinn

Tá fhios againn ón obair a dhéanaimid go bhféadann leanaí faoi mhíchumas casadh ar an iliomad constaicí idir iad agus a gcearta.

In 2020, choimisiúnaigh muid taighdeoirí ón Centre for Disability Law and Policy agus an Institute for Lifecourse and Society ag ONÉ Gaillimh chun taighde deasc-bhunaithe a dhéanamh chun tuiscint níos cuimsithí a cur ar fáil dúinn ar na constaicí a bhíonn roimh leanaí faoi mhíchumas agus a thagann idir iad agus leas a bhaint as a gcearta.

D'oibrigh na taighdeoirí chun na príomhchonstaicí a shainaithint a mhaolaíonn an deis a bhíonn ag leanaí faoi mhíchumas leas a bhaint as a gcearta faoin CNACL agus CNACDM.

Chuir na taighdeoirí sa chuntas bearta ginearálta atá sainaitheanta ag Coiste na NA um Chearta an Linbh mar eochair chun cearta leanaí a chur i bhfeidhm. D'iarr muid ar na taighdeoirí chomh maith bearta a shainaithint a bhféadfaí go húsáideach iad a chur i bhfeidhm chun na constaicí seo a chomhrac. Ní hamháin go leathnófar agus go ndoimhneofar tuiscint ar na constaicí seo roimh leanaí faoi mhíchumas leis na fionnachtana agus na moltaí a thiocfaidh as an taighde seo, ach aibhseofar leo bearta chun na constaicí seo a shárú.

Cuireadh an taighde seo i gcrích in 2020 agus tá fuinn tuarascáil a fhoilsiú ina mbeidh doiciméadú ar na fhionnachtana agus moltaí an taighde go luath in 2021.

6. Soláthar Díreach

Direct Division: The views and experiences of children living in Direct Provision accommodation

Foilsíodh *Direct Division: children's views and experiences of living in Direct Provision accommodation* i mí Iúil 2020.

Idir Meitheamh agus Samhain 2019 thug muid faoi chomhairliúchán le 73 leanbh in aois idir 12 agus 17 mbliana i naoi lárionad Soláthair Dhírigh ar fud na hÉireann. Ag baint úsáide dúinn as grúpaí fócais, agallamha agus dhá lá as baile lenar ligeadh do na leanaí oibriú ar léirithe cruthaitheacha dá saol in Éirinn, phléigh an comhairliúchán dearcthaí na leanaí ar bhaint amach a gceart, an t-eispéireas a bhí acu ar chuimsiú agus eisiámh ar scoil, an pobal áitiúil agus an pobal mór in Éirinn. Áirítear i *Direct Division* athbhreithniú, ó dhearcadh ceart leanaí de, ar bheartas ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus tosaíochtaí do bhearta, ag rialtas na hÉireann.

Laistigh dá lárionaid cóiríochta, luaigh leanaí easpa spáis agus príobháideachta mar fhadhbanna. Ba mheasa de an bhraistint aonraithe a bhí acu de bharr iompair nár leor é, a tháinig idir iad agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí iarscoile nó pobal-bhunaithe. Is minic a luaigh na leanaí ceangal idir an deacracht a bhí acu ag iarraidh síobanna agus an bhraistint stiogma, agus faitíos go dtabharfaí breith orthu mar gheall ar a n-áit chónaithe.

Bhraith an-chuid de na leanaí go raibh idirdhealú ina n-aghaidh ar scoil agus thug siad cuntas ar mhaslaí ciníocha ar nós

an “N Word” agus achasáin go mba sceimhlitheoirí iad má sainaithníodh mar bhaill den chreideamh Moslamach iad. Bhí cuntais ann ar bhulaíocht a bhain le cine, reiligiún agus náisiúntacht ar scoil. Is minic a measadh nach raibh múinteoirí ag seasamh leo nuair a bhí a bpiaraí ciníoch nó seicteach go hoscailte nó faoi cheilt. Duirt leanaí chomh maith gur chuir cuid de na múinteoirí tuairimí ciníocha nó seicteacha in iúl iad féin, nó go raibh siad ciníoch faoi cheilt. Dúradh nach raibh mórán eolais ag múinteoirí faoi céard a chiallaíonn sé bheith i d'iarrthóir tearmainn nó faoi bheith ag maireachtáil i Soláthar Díreach agus na srianta a chuireann sé ar leanaí.

D'fhulaing cuid de na leanaí idirdhealú chomh maith sna pobail áitiúla acu, agus mheas siad gur thug an-chuid Éireannach breith orthu de réir dhath a gcaicinn. Ba mhian leis na leanaí seo go mbeadh fios ag Éireannaigh faoin ngortú, pian agus sceimhle a bhí orthu ina dtíortha féin sa chaoi go dtuigfidís cén fáth go bhfuil siad ag iarraidh cosanta anseo.

Bhí se mar chabhair do chuid de na leanaí spóirt a imirt ar scoil nó bheith mar ionadaí in ócáidí scoile de leithéid seónna faisin, ceolseónna agus foirne díospóireachta mar gur mhothaigh siad go raibh siad cuimsithe ansin. Nuair a chuir scoileanna céimeanna díobh chun reiligiún agus cultúr na leanaí a urramú, ba mhó ar fad acu é sin. Ina measc sin, tá scoileanna ina gceadaítear an hijab a chaitheamh, ina gcuirtear seomraí paidreacha ar fáil, ina gcuirtear bia Halal ar fáil agus ina dtionóltar laethanta idirnáisiúnta agus ilchultúrtha. Scríobh an-chuid leanaí go mba bhreá leo Éire, gur bhraith siad sábháilte anseo, go raibh

siad buíoch as an gcoimirce a tugadh dóibh. Scríobh cuid eile acu, áfach, teachtaireachtaí dúshlánacha, inar iarr siad go gcaithfí leo mar dhaoine, ní mar dhathanna, agus ag iarraidh tuilleadh tuisceana.

Rinne na leanaí an-chuid moltaí i gcomhair athraithe. An ceann ba choitianta ina measc ná próiseas níos tapa chun a stádas inimirce a chinneadh agus beart chun an ciníochas a chomhrac agus a dhíothú. Fad is a bhí siad ina gcónaí i Soláthar Díreach, theastaigh tuilleadh spáis maireachtála, tuilleadh príobháideachta agus rochtain bhreise ar iompar ó bheagnach na leanaí ar fad. Theastaigh ó chuid mhór acu go gcuirfí deireadh le cóiríocht lárionad-bhunaithe, comhchoiteann agus aistriú go titíocht lena ndoras féin sa phobal mór. Bhí mórán de na hathruithe a iarradh níos lú agus níos simplí, áfach. Orthu seo bhí cosáin ón lárionad go dtí an baile áitiúil agus tuilleadh eolais faoi ócaidí pobail a d'fhéadfaidís bheith gafa leo.

Ár moltaí:

- Déan beart faoi mhoilleanna sa phróiseas tearmainn, ag cur sa chuntas eispéireas leanaí ach go háirithe.
- Ba cheart go léireofaí go hiomlán sa chóiríocht do dhaoine atá ag lorg coimirce idirnáisiúnta forálacha Threoir Recast an AE i dtéarmaí caighdeán. Ba cheart go ndéanfaí cigireachtaí neamhspleácha.
- Teastaíonn múinteoirí breise Béarla mar Theanga Breise (EAL). Cuir acmhainní TF agus idirlín ar fáil i ngach lárionad cóiríochta. Cinntigh go mbíonn rochtain ar an Tionscnamh Píolótach Táillí Saora.

- Seachaid oiliúint agus eolas do mhúinteoirí, príomhoidí agus Boird Bhainistíochta. Machnaigh suíomh níos lárnaí do lárionaid cóiríochta amach anseo. Cuir áiseanna áineasa i ngach lárionad Soláthair Dhíreach.
- Lainseáladh Direct Division ar líne agus d'fhreastail roinnt de na leanaí a raibh ionchur acu ar an ócáid fhíorúil. Áiríodh ar an lainse seo scannán gearr d'agallamha a thug na leanaí le linn ár gcomhairliúcháin. Tá an scannán seo mar aon leis an tuarascáil iomlán agus ealaíon na leanaí ar fáil ar shuíomh idirlín OOL.

Páipéar Bán ar chóiríocht coimirce idirnáisiúnta

I mí Mheithimh 2020, rinne an Rialtas tiomantas deireadh a chur le Soláthar Díreach agus Páipéar Bán a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana chun beartas nua cóiríochta coimirce idirnáisiúnta a chur in ionad Soláthair Dhíreach.

Tugadh cuireadh do OOL aighneacht a dhéanamh don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun bheith mar bhonn eolais agus an Páipéar Bán á fhorbairt.

Aibhsíodh inár n-aighneacht roinnt réimsí a dteastaíonn aird ar leith orthu sa Pháipéar Bán.

Ag cur béime dúinn ar an bprionsabal go gcaithfidh forbairt an chórais nua, agus an aistrithe chuige, cearta agus leasa leanaí a bheith sa chroílár aige agus go gcaithfidh tuairimí leanaí a mhachnamh atá ag maireachtáil i Soláthar Díreach, rinne muid raon moltaí inár n-aighneacht.

Ár moltaí:

- Is ceart cóiríocht lena doras féin a chur ar fáil do theaghlaigh atá oiriúnach d'fhorbairt fhisiceach, meabhrach, spioradálta, morálta agus sóisialta leanaí.
- Is ceart stop a chur le cóiríocht éigeandála a luaithe is féidir agus creat pleanála teagmhais a fhorbairt chun freagairt go héifeachtach ar bhrúnna ar an acmhainn.
- Is ceart go mbeadh maoirseacht an chórais nua bunaithe ar chur chuige Rialtais uile a bheadh buanacmhainnithe, agus creat mionsonraithe freagrachta agus cuntasachta aige.
- Is ceart go mbeadh lárionaid cóiríochta faoi réir ag cigireachtaí neamhspleácha.
- Ba cheart go mbeadh measúnú soghontachta ar leith ag gach leanbh i gcomhréir le leasa an linbh laistigh de 30 lá ó theacht dóibh agus is ceart sás a chur ar bun chun soghontachtaí nua agus leanúnacha sna leanaí a shainaithint agus a fhreagairt go rialta.
- Is ceart cur chuige il-sheirbhíseach a ghlacadh i leith soláthair tacaíochtaí i gcaitheamh an phróisis idirnáisiúnta coimirce agus ar feadh tréimhse ama tar éis stádas coimirce nó cead fanachta bheith deonaithe do dhuine.
- Is ceart beart a dhéanamh chun gníomhartha ciníochais, idirdhealaithe chiníoch, seineafóibe, agus éadulaingthe gaolmhaire arna ndíriú in aghaidh iarrthóirí tearmainn a chomhrac agus beart a dhéanamh chun caidrimh comhchuí i measc pobal áitiúil a fheabhsú.
- Is ceart tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'fhoireann scoile chun eolas agus tuiscint ar an gcóras idirnáisiúnta coimirce a mhéadú, tionchar an trauma agus cur chun cinn an imeasctha i measc daltaí.

- Is ceart tacaíocht a thabhairt do leanaí gan tionlacan chun iarratas a dhéanamh go tráthúil ar choimirce idirnáisiúnta nó ar cheadúcháin chuí cónaithe.
- Is ceart go bhfanfadh leanaí gan tionlacan a shlánaíonn aois 18 faoi chúram Tusla agus go mbeadh rochtain acu ar an gcaighdeán céanna pleanála iarchúraim agus tacaíochtaí le leanaí eile atá ag fágáil an chúraim.

D'fhoilsigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) an Páipéar Bán i mí Feabhra 2021. Beidh cearta leanaí, imeascadh ón gcéad lá, dínit, urraim agus príobháideacht i measc na bprionsabal a bheidh mar bhonn agus mar thaca leis an tsamhail nua, de réir na moltaí a rinneadh san aighneacht againn. Beimid i gcónaí ag déanamh monatóireachta ar bhearta a dhéanfar chun an córas cóiríochta coimirce idirnáisiúnta a leasú agus chun an Páipéar Bán a chur i bhfeidhm, chun a chinntiú go mbeidh na bearta seo ag seasamh le cearta leanaí atá ag iarraidh coimirce idirnáisiúnta.

7. Náisiúntacht

Conairí go dtí Saorántacht Éireannach: Leanaí Leithleacha, Gan Stát, Ag Iarraidh Tearmainn agus Gan Cháipéisí

Trí obair OOL i rannpháirtíocht agus oideachas faoi chearta, is minic a ardaíonn leanaí agus a dteaghlach ceist na náisiúntachta agus na féiniúlachta. San obair a dhéanaimid le leanaí ar fud na hÉireann, iad siúd a mhaireann i Soláthar Díreach ach go háirithe, is fíorcheist é seo agus chinn muid ar é a phlé a thuilleadh trí thaighde.

Faoi CNACL tá sé de cheart ag gach aon leanbh náisiúntacht a fháil. In Éirinn, ar nós a lán tíortha eile, tá sé seo ceangailte go dofhuascaillte le saorántacht a fháil. Is iomaí leanbh neamhnáisiúnach in Éirinn gur mian leis agus lena thuismitheoirí náisiúntacht agus saorántacht a fháil. I gcás an-chuid de na leanaí is soghonta, áfach, ní rud simplí é saorántacht tríd an bpróiseas eadóirseachta a fháil. Orthu seo tá leanaí leithleacha atá ag iarraidh tearmainn, leanaí gan stát, leanaí a tháinig tríd an bpróiseas tearmainn agus leanaí gan cháipéisí. Ag iarraidh dúinn tuiscint a fháil ar na bealaí ina féidir leis na leanaí seo saorántacht Éireannach a fháil agus ar a riachtanais, choimisiúnaigh muid an Dr Samantha Arnold chun tabhairt faoi thaighde ar na bealaí atá ar fáil chun rochtain ar shaorántacht in Éirinn do leanaí neamh-LEE agus chun sinn a chur ar an eolas i dtaobh cuid de na hathruithe a chreideann sí go mbeidís ina gcabhair chun feabhas a chur ar rochtain leanaí neamhnáisiúnacha ar an tsaorántacht Éireannach. Bhí muid ag súil le tuilleadh a fháil amach faoin staid reatha á

ndéanamh sin dúinn agus le bonn eolais a fháil dár ngafacht le leanaí a raibh na ceisteanna seo dulta i gcion orthu, agus dár n-ionchur do dhíospóireachtaí beartais agus reachtaíochta. Is éard a aibhsítear go soiléir leis an taighde seo ná go bhfuil an chonair go dtí saorántacht Éireannach, agus go dtí na cearta agus na teidlíochtaí a thugann sé seo dóibh, fada, casta, costasach i gcás na ngrúpaí soghonta leanaí seo agus na dteaghlach acu. Tráchtann an Dr Arnold ar roinnt ceisteanna a bhfuil aire de dhíth ina leith, dar léi, ina measc na moilleanna a tharlaíonn go minic sna próisis seo, an easpa soiléire atá ann idir na gníomhaireachtaí ábhartha, an easpa próisis shoiléir fhoirmeálta i gcomhair aosach agus leanaí gan stát, an gá le tuilleadh airde a thabhairt ar shoghontachtaí agus riachtanais shainiúla leanaí, agus na teorainneacha leis an gcúnamh dlíthiúil atá ar fáil d'iarraitasóirí.

Bíodh is go n-éiríonn an-chuid de na tairbhí inbhraite a bhaineann le saorántacht Éireannach a bheith ag duine nuair a thagann leanaí in aois fhásta (e.g. an cumas vótáil in Olltoghcháin, intofacht do jabanna áirithe Rialtais), ciallaíonn deonú na saorántachta Éireannaí, do leanaí gan cháipéisí ach go háirithe, go mbíonn roinnt saoirse agus ceart breise acu, ar nós níos mó rochtana ar athaontú teaghlach i gcásanna áirithe, saoirse chun taisteal laistigh den AE agus thar lear, taisteal in éineacht leis an teaghlach nó, go deimhin, le teaghlach altrama, agus, de gháth, cosaint in aghaidh díbeartha.

Is den tábhacht é, áfach, go dtugann an tsaorántacht tairbhí dobhraite léi. Orthu seo tá braistint mhuintearais, cobhsaíochta agus tearmainn nach

raibh ag mórán de na leanaí a bhfuil an taighde seo gafa leo le tréimhsí fada ama. Bíodh is go gcaithfear cur sa chuntas go mbíonn ar na húdaráis náisiúnta seiceálacha cearta a chur i gcrích, is leor an gá le tearmann a thabhairt do leanaí mar chúis le machnamh ar an gcaoi a ndéanfaimid na conairí chuig an tsaorántacht chomh inrochtana, trédhearcach dóibh agus is féidir.

Lainseáil an oifig tuarascáil an Dr Arnold, *Pathways to Irish Citizenship Separated, Stateless, Asylum Seeking and Undocumented Children*, i mí Meithimh 2020 agus tá sé le fáil ar shuíomh idirlín OOL.

Coimisinéir Sábháilteachta Ar Líne a bhunú mar chuid de Choimisiún Meán níos leithne.

Bíodh is go n-aithnímid go síneann scóip na Scéime Ginearálta thar an tsábháilteacht ar líne, is deis shuntasach iad chun cosaint leanaí ó ábhar díobhálach ar líne a threisiú na tograí atá leagtha amach sa Scéim Ghinearálta creat rialála don tsábháilteacht ar líne a bhunú, chun dul i ngleic le leathadh agus méadú ábhair áirithe atá díobhálach ar líne. Tá tábhacht beart chun feabhas a chur ar chosaint leanaí ó ábhar dá leithéid aibhsithe a thuilleadh le linn 2020 le tionchar Covid-19, nuair a cuireadh leis an imní faoi leanaí bheith i mbaol méadaithe na neamhchosanta ó ábhar agus iompraíocht dhíobhálach ar líne, cibearbhulaíocht, foréigean agus fuathchaint, agus grúmaeireacht do dhúshaothrú gnéasach san áireamh.

8. Cearta leanaí

Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne

Le linn 2020, bhí muid i gcónaí ag gabháil le forbairtí a bhain le Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne, i gcomhthéacs na ballraíochta againn sa Chomhairle Náisiúnta Chomhairleach ar Shábháilteacht Ar Líne (NACOS). Ghlac muid páirt i bhfaisnéisiú maidir leis an Scéim Ghinearálta a thionóil an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na Aeráide agus Comhshaoil (DCCAE) mar a bhí ag an am, i mí Feabhra 2020 agus i seimineár idirlín ina dhiaidh sin maidir leis an Scéim Ghinearálta arna óstáil ag an DCCAE i mí Meithimh 2020.

Cuirimid fáilte roimh fhoilsiú na Scéime Ginearálta i mí na Nollag 2020 agus beimid ag iniúchadh tograí maidir le leanaí agus a gcearta arna leagan amach faoin Scéim Ghinearálta seo go luath i 2021. Beimid ag tabhairt airde ach go háirithe ar na forálacha atá déanta faoi Chuid 4 maidir le sábháilteacht ar líne agus ar an togra

Taighde maidir le ceart cainte leanaí trí mheáin dhigiteacha agus sóisialta

Le linn 2020 chuir foireann taighde ón Lárionad Taighde Sóisialta agus Oideachasuil ag OT Baile Átha Cliath críoch lena dtaighde don OOL faoin gcaoi a bhféadfaí meáin dhigiteacha agus sóisialta a eagrú chun ceart cainte leanaí i bpróisis phoiblí cinnteoireachta a théann i gcion orthu a chur chun cinn.

Tar éis athbhreithnithe dheasc-bhunaithe ar an litríocht ábhartha, cuireadh i gcrích taighde príomhúil a bhí dírithe ar thuairimí leanaí agus daoine óga a chloisteáil. Chuathas i gcomhairle chomh maith le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach, sa tsochaí shibhialta agus sa taighde. Bíodh is gur chuir bearta Covid-19 moill ar chríochnú an taighde phríomhúil, glacadh cur chuige malartach chun éascú le roinnt grúpaí leanaí chun páirt a ghlacadh.

Táimid ag súil leis an taighde seo a fhoilsiú in 2021.

Painéal Comhairleach ar an Óige de chuid OOL

Ag deireadh 2020 chuir OOL ar bun Painéal nua Comhairleach ar an Óige nó YAP ar bhonn píolótach dhá bhliana. Cuirfidh an YAP seo eolas agus comhairle ar OOL. Earcaíodh an YAP, atá comhdhéanta de leanaí agus daoine óga idir 13 agus 17 mbliana d'aois, i Samhain agus Nollaig 2020 trí raon eagraíochtaí óige agus scoileanna chun a chinntiú go mbíonn sé cuimsitheach agus ilghnéitheach. Níor iarradh ar bhaill YAP bheith ionadaíoch dá bpobail ná d'eagraíocht ar bith. Tá suim acu i gcearta leanaí agus in obair leis an oifig againne. Ar an drochuair, mar gheall ar shrianta Covid níor fhéad muid cruinniú aghaidh ar aghaidh a thairiscint don YAP agus bhí ar bhaill toiliú lena gcéad chruinnithe in 2021 a sheoladh ar líne.



9. Gafacht idirnáisiúnta agus Eorpach

Monatóireacht ar Éirinn ag Coiste na NA ar Chearta an Linbh

Déanann Coiste na NA ar Chearta an Linbh (Coiste) athbhreithniú go tréimhsiúil ar Éirinn maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aici chun a hoibleagáidí maidir le leanaí agus a gcearta faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL) a chur i bhfeidhm. In 2022, tá an Coiste chun dul chun cinn na hÉireann a imscrúdú don cheathrú uair ó daingníodh an CNACL. Cuireadh tús leis an réamhphróiseas don imscrúdú seo in 2022 in 2020.

Tá Éire tar éis roghnú isteach i nGnás Simplithe Tuairiscithe nua (SRP) faoin CNACL, rud a fhágann go bhfuil an próiseas monatóireachta agus tuairiscithe beagán difriúil lena raibh ann ar ócáidí roimhe seo. Faoi SRP, ullmhaíonn an Coiste Liosta Ceisteanna Roimh Thuairisciú (LOIPR) i gcomhair Páirtí Stáit (e.g. Éire). Iarrtar le LOIPR an Choiste eolas sainiúil agus sonraí staidrimh ó Pháirtí Stáit ar leith maidir le raon leathan nithe a bhaineann le cearta leanaí faoi CNACL. Tá cead ag páirtithe leasmhara seachas an Páirtí Stáit ar nós OOL aighneachtaí scríofa a chur faoi bhráid an Choiste chun bheith mar bhonn eolais faoi obair an Choiste agus iad ag ullmhú LOIPR. Is ionann freagraí an Pháirtí Stáit ar an LOIPR agus tuairisc an Pháirtí Stáit don Choiste.

Ar 1 Iúil 2020, rinne OOL aighneacht thosaigh don Choiste chun bheith mar bhonn eolais faoi ullmhú LOIPR d'Éirinn ag an gCoiste. Cuireadh roinnt fachtóirí éagsúla sa chuntas san aighneacht againn, ar a n-áiríodh:

- Tuairimí Scoir an Choiste in 2016 tar éis dó an tríú agus an ceathrú tuairisc thréimhsiúil ag Éirinn, iad i gcomhcheangal lena chéile, a imscrúdú

- tarchur reachtúil OOL faoin Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 (mar a leasaíodh) agus tosaíochtaí straitéiseacha gaolmhara
- ceisteanna a théann i gcion ar chearta leanaí in Éirinn a bhí OOL ag gabháil leo le blianta deireanacha i gcomhthéacs ár ndualgais reachtúla a chur i bhfeidhm.

Cuireadh ar fáil don Choiste inár n-aighneacht eolas ábhartha agus measúnú neamhspleách, bunaithe ar chearta leanaí ar na forbairtí a bhaineann le sainbhearta leathana a théann i gcion ar chearta leanaí (e.g. dlí, beartas poiblí, leithdháileadh acmhainní agus bailiú sonraí) agus forbairtí atá ábhartha do phrionsabail lárnacha ceart leanaí faoin CNACL. Dhírigh sé chomh maith ar cheisteanna a théann i gcion ar leanaí agus a gcearta, ar a n-áiríodh:

- rochtain ag leanaí ar eolas agus cosaint leanaí ó eolas díobhálach
- mí-úsáid leanaí agus neamart i leanaí
- foréigean baile
- bulaíocht i measc leanaí
- aistriú neamhcheadaithe gan chur ar ais leanaí i ndiaidh Brexit
- cúram malartach, cúram lasmuigh den Stát san áireamh
- iarchúram
- cúram sláinte, sláinte mheabhrach san áireamh
- bochtaineacht i measc leanaí
- tithíocht agus easpa dídine
- oideachas
- ceartas do leanaí

Aibhsíodh inár n-aighneacht chomh maith ceisteanna a théann i gcion ar ghrúpaí sainiúla leanaí, leanaí faoi chúram, leanaí faoi mhíchumais, leanaí gur dídeanaithe agus leanaí gur iarrthóirí tearmainn iad, agus leanaí den Lucht Siúil agus de na Romaigh san áireamh.

Chuir muid forbairtí dearfacha agus réimsí imní ar a aire don Choiste agus thogair muid nithe sainiúla a mheas muid go mbeidís úsáideach dá gcuirfeadh an Coiste ceist ar an Stát fúthu ina LOIPR.

D'fhoilsigh an Coiste a LOIPR d'Éirinn i mí na Samhna 2020. Tar éis dúinn an LOIPR seo a athbhreithniú, táimid deimhin de go bhfuil formhór mór na gceisteanna a dhírigh muid orthu inár n-aighneacht thosaigh léirithe in LOIPR an Choiste.

Tá an Stát dlíte dá fhreagairt ar LOIPR an Choiste a chur faoi bhráid i mí Dheireadh Fómhair 2021. Le linn 2021, beimid i gcónaí ag gabháil leis an bpróiseas tábhachtach monatóireachta seo trí thuarascáil mhalartach níos fairsinge a ullmhú don Choiste agus leanaí agus daoine óga a éascú chun a dtuarascáil féin a ullmhú don Choiste.

Obair ag ENOC ar Mheasúnú ar Thionchar ar Chearta Leanaí (CRIA)

Tá OOL ina bhall den Líonra Eorpach de Ombudsdaoine do Leanaí (ENOC), ar a gcuimsítear Ombudsdaoine agus Coimisinéirí do Leanaí as breis is 40 tír ar fud na hEorpa.

Áiríodh ar obair ENOC in 2020 fócas sainiúil ar mheasúnú ar thionchar ar chearta leanaí (CRIA). Bhí ionchur gníomhach ag OOL i ngníomhaíochtaí ENOC ina leith seo, ar a n-áiríodh páirt a ghlacadh sa Mheitheal Oibre d'obair ENOC ar CRIA, cur in iúl eolais faoi fhorbairtí ábhartha in Éirinn dár gcomhghleacaithe in ENOC agus páirt a ghlacadh i seimineár téamúil do bhaill ENOC a tionóladh i mí Mheán Fómhair 2020.

Bhí ionchur againn chomh maith in ullmhú ráitis ag ENOC ar CRIA, ar glacadh leis ag an 24ú Tionól Ginearálta ag ENOC i mí na Samhna 2020. Iarrtar sa ráiteas seo ar Stáit, ar Chomhairle na hEorpa agus ar institiúidí an Aontais Eorpaigh próisis an CRIA agus Luacháil ar Thionchar ar

Chearta Leanaí (CRIA) a úsáid chun cearta leanaí a neadú sa dlí, i mbeartas, i leithdháileadh buiséid, agus i gcinntí riaracháin eile mar aon lena úsáid a chur chun cinn i measc comhlachtaí poiblí. I dteannta le soiléiriú a thabhairt ar cad is CRIA agus CRIA ann agus ar an bhfáth go bhfuil siad tábhachtach ó thaobh feidhmithe ceart leanaí de, déanann an ráiteas roinnt moltaí maidir le tabhairt isteach agus príomhshruthú na bpróiseas seo.

Go déanach in 2020, chuir muid isteach iarratas chun páirt a ghlacadh i gcomhthionscadal ag ENOC agus UNICEF chun CRIA a chur i bhfeidhm a bheadh dírithe ar thionchar bhearta Covid-19 ar chearta leanaí. Beimid ag tabhairt faoin tionscadal seo le linn 2021 agus tá dóchas againn go mbeidh mar thoradh ar an obair seo tuiscint níos doimhne ar an tionchar atá bearta áirithe Covid-19 tar éis a oibriú ar ghrúpaí sainiúla leanaí.

10. Teaghlach agus Cúram

Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991

I mí Iúil 2020, d'fhoilsigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) páipéar comhairliúcháin, inar leagadh amach tograí chun an tAcht um Chúram Leanaí, 1991 a leasú (Acht 1991).

Thóg na tuairimí a chuir muid faoi bhráid in 2020 ar ár n-aighneacht roimhe sin in 2018 agus ár ngafacht ina dhiaidh sin le DCEDIY i dtaca leis an athbhreithniú. Dhírigh muid ar thograí maidir le:

- tabhairt isteach coda nua in Acht 1991 ag leagadh amach prionsabal chun feidhmiú Achta leasaithe 1991 ina iomláine a threorú
- cur chun cinn folláine leanaí
- comhordú agus comhoibriú idir gníomhaíochtaí
- idirghabháil luath agus tacaíocht do theaghlaigh

- socruithe deonacha cúraim
- leanaí gan tionlacan ag iarraidh tearmainn agus gafa isteach i gcúram
- cóiríocht do leanaí gan dídean
- imeachtaí cúraim agus oird ghaolmhara
- cúram príobháideach altrama
- guth an linbh
- leanaí i gcúram Tusla
- tuismitheoireacht chorparáideach.

Is mór ag OOL an obair nach beag atá déanta ag DCEDIY go nuige seo chun athbhreithniú ar Acht 1991 agus cuirimid fáilte roimh líon áirithe tograí arna leagan amach sa pháipéar comhairliúcháin. Mar a aibhsigh muid chuig an DCEDIY inár dtuairimí scríofa, áfach, is ábhar imní dúinn é nach bhfuil dóthain airde tugtha i gcuid de na tograí ar chearta leanaí agus/nó go bhfuil easpa uailmhéine ag baint leo maidir le bunús láidir reachtach a sholáthar do chur chuige a thugann tús áite do leanaí. Is ábhar imní dúinn ach go háirithe gur dealraitheach go bhfuil drogall ann údarás iomlán a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus seirbhísí ábhartha oibriú as lámh a chéile chun a bhfreagrachtaí faoi seach i leith leanaí a chur chun feidhme faoi Acht 1991.

11. Ceartas do Leanaí

I mí Meithimh 2020, rinne OOL aighneacht scríofa chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar a bhí an t-am sin ar an Dréachtstraitéis nua Ceartais don Óige. In ár n-aighneacht, chuir muid fáilte roimh roinnt tograí, ar a n-áiríodh iad siúd a bhí dírithe ar na nithe seo a leanas:

- scearta leanaí atá i dteagmháil leis an gcóras ceartais do leanaí, nó i mbaol a dteagmhála leis, a threisiú
- seasamh le leasa leanaí agus beartais, cláir agus córais a fhorbairt a bhfuil tuairimí leanaí mar bhonn eolais acu
- leanaí a atreorú ar shiúl ón gcóras foirmeálta ceartais don óige a mhéid is féidir agus gan coinneáil a úsáid ach nuair nach bhfuil an dara rogha ann.

Foilsíodh an Straitéis Ceartais don Óige 2021 – 2027 ar 15 Aibreán 2021. Cuirimid fáilte roimh a lán de na cuspóirí atá san áireamh sa Straitéis mar aon leis an bprionsabal go gcaithfear le daoine óga atá i dteagmháil leis an dlí mar leanaí sa chéad dul síos, agus le haird chuí ar a gcearta. Cuirimid fáilte chomh maith roimh an bhfís comhoibrithe that gach earnáil den rialtas agus den tsochaí i bhforbairt agus seachadadh deiseanna do leanaí agus daoine óga d'fhonn a gcumas maireachtáil saor ó choir agus ó dhíobháil a threisiú. Ina theannta sin, cuirimid fáilte roimh na cuspóirí a dhéanann foráil d'oiliúint speisialta do ghairmithe atá gafa leis an gcóras ceartais choiriúil, d'athbhreithniú ar áiseanna agus nósanna iachta i stáisiúin an gharda agus cúirteanna, do sholáthar ionadaíochta éifeachtaí speisialaithe agus seirbhísí cuí eolais chun cuidiú le daoine óga trí phróiseas na gCúirteanna agus do thosaíocht a thabhairt do chásanna a bhfuil leanaí gafa leo chun moilleanna a íoslaghdú.

Tá díomá orainn, áfach, nach bhfuil cuid dár moltaí léirithe sa Straitéis nua. Ina leith seo, cé go gcuirimid fáilte roimh an Roinn Tithíochta mar ghníomhaireacht ábhartha maidir le hiar-choinneáil, is ábhar imní dúinn nach bhfuil an Roinn Oideachais san áireamh mar ghníomhaireacht ábhartha maidir le Oberstown ar mhaithe lena chinntiú go machnaítear go hiomlán riachtanais oideachasúla leanaí faoi choinneáil.

Trí mheán na hoibre againn, dúirt leanaí faoi choinneáil linn nach mbíonn siad i gcónaí feasach ar a gcearta. In ár n-aighneacht ar an Dréachtstraitéis, mhol muid go gcuimseofaí sa Straitéis tiomantais d'ábhair eolais a chur ar fáil do leanaí agus dá dtuismitheoirí/caomhnóirí ag céimeanna éagsúla an phróisis ceartais leanaí, mar aon le heolas faoi chearta leanaí sa chóras ceartais leanaí ar an bhforiomlán.

Cé go gcuirimid fáilte roimh an gcuspóir a chinntiú go gcuirfear seirbhísí cuí eolais ar fáil chun cabhrú le daoine óga trí phróiseas na gCúirteanna, táimid den tuairim go mba cheart é seo a shíneadh chun gach gné de na seirbhísí a ndéanann leanaí rochtain orthu nuair a bhíonn siad faoi choinneáil, seirbhísí oideachais agus seirbhísí sóisialta san áireamh.



Reáchtáil na hOifige



An Buiséad

Leithdháiltear buiséad OOL tríd an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus tarraingtear aníos é ar bhonn rialta i gcaitheamh na bliana. In 2020, ba é €2.87m ár mbuiséad (2019: 2.75m). Is ionann leithdháileadh buiséid OOL do 2021 is €2.96m. Mar atá leagtha amach in Ailt 17(1) agus (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú, as rialacht idirbhearta na hOifige a chinntiú, agus comhlíontacht an Chóid Chleachtais do Rialáil Comhlachtaí Stáit a chinntiú.

Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir ag iniúchadh ag an Ardreachtaire Cuntas agus Ciste. Beidh iniúchadh chuntais 2020 ann go luath i Ráithe 2 do 2021, agus is é an tArdreachtaire Cuntas agus Ciste a sheolfaidh é. De réir Alt 17 (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, cuireadh na Dréachtráitis Airgeadais don bhliain darchríoch 31ú Nollaig 2020 faoi bhráid lena n-iniúchadh ag Oifig Ardreachtaire Cuntas agus Ciste faoi 31ú Márta 2021.

A luaithse a bheidh siad faofa ag an Ardreachtaire Cuntas agus Ciste, foilseofar na Ráitis Airgeadais do 2020 ar shuíomh idirlín OOL, mar a rinneadh i mblianta roimhe seo.

Mazars Chartered Accountants a chuir ár bhfeidhm iniúchta inmheánach ar fáil, agus thug siad faoi athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha in 2020. Sheol siad chomh maith iniúchadh ar ár gcreat bainistithe riosca.

Earcú

Ag tús 2020, bhí 23 buanbhall foirne ag OOL. Faoi dheireadh 2020, bhí 27 buanbhall foirne ann. Tharla an-chuid pleanáil fórsa oibre do 2020 agus 2021 le linn 2019 agus cuireadh é seo i bhfeidhm i rith 2020.

Earcaíodh Ceannasaí Rialála Corparáidí ar an bhFoireann Bhainistithe i mí Lúnasa 2020.

Tá pleananna ar bun chun foireann OOL a mhéadú i gcónaí in 2021 mar tá deich ról nua le hearcú in 2021.

COVID-19

Athraíodh go tapa cleachtais oibre Oifig an Ombudsman do Leanaí de bharr bhriseadh amach paindéime Covid-19 go luath in 2020, agus na comhairle sláinte poiblí agus na mbeart sábháilteachta.

Tá na forbairtí monatóirithe go dlúth ag OOL, féachaint leis na rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh dul i gcion ar oibríochtaí gnó, foireann agus páirtithe leasmhara OOL. Ar na bearta a ghlac an Oifig bhí:

- Samhail Business as Usual (BAU) OOL tionscanta.
- Rinneadh oiriúnaithe cuí ar thimpeallacht fhisiceach oifige OOL.
- Prótacail agus bearta rialaithe Filleadh ar an Obair bunaithe agus feidhmithe.
- Measúnú leanúnach rioscaí suntasacha a bhaineann le paindéim Covid-19.
- Cinntiú go raibh leithlisiú láidir dualgas ann i gcónaí agus go bhfuil clúdach leordhóthanach ar bun.
- Cinntiú go raibh gach cosaint sonraí agus beartais agus nósanna imeachta bainistithe taifead atá ann faoi láthair á gcomhlíonadh i gcónaí.

- Measúnú déanta ar an bpoitéinseal do laguithe sna rialuithe inmheánacha agus rialuithe TFC mar thoradh díreach ar an bpaindéim agus bearta glactha chun rialuithe a mhonatóiriú agus a uasdátú aít ba ghá. Sa tréimhse Márta 2020 go Lúnasa 2020, bhí rochtain ar líonra OOL teoranta, rud a chuaigh i gcion ar chumas fhoireann OOL oibriú ó chian.

Infrastruchtúr TFC OOL

Ag tús na hoibre ó chian, b'fhios do OOL nach raibh a hinfrastruchtúr TFC in ann tacú le hobair ó chian. Chuir an Oifig tús le pléanna le speisialtóirí slándála sonraí agus le trealamh TFC a fháil chun a eisiúna do lucht foirne chun a chinntiú nach mbeadh na rialuithe ina mbagairt do chuspóirí OOL a bhaint amach ag am ar bith. Bhí baill foirne i láthair go fisiceach san oifig gach seachtain chun tabhairt faoi aon obair ríthábhachtach nárbh fhéidir é a dhéanamh ó chian.

Chinn an Oifig a soláthar seirbhíse TFC a bhogadh ón Roinn Sláinte go dtí Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise ag an Rialtas (OGCIO) chun forbairtí TFC amach anseo laistigh den Oifig agus rochtain gan uaim ó chian a chumasú. Cuireadh tús leis an tionscadal imirce i mí Mheán Fómhair 2020 agus cuireadh i gcrích é ar 8ú Márta 2021. Tá rochtain iomlán ó chian ag an Oifig anois agus tá tacaíocht an OGCIÓ aici do gach beartas TFC agus d'athghabháil tar éis tubaiste. Táthar ag forbairt plean TFC chun tacú le riachtanais na hOifige do 2021-2025.

Fuinneamh

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha éifeacht do Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dar dháta 5 Aibreán 2006, agus rinne sé na Rialacháin 'European Communities (Energy End-use Efficiency and Energy Services) Regulations 2009 (I.R. 542 de 2009)'. Ceanglaíonn na Rialacháin ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisciú go bliantúil ó Eanáir 2011 maidir lena n-úsáid fuinnimh agus bearta atá glactha chun an t-ídiú a laghdú. In 2020, d'úsáid OOL 75,043kWh de leictreachas, laghdú de 6.4% ar 2019. Is toradh é seo go páirteach ar an bhfreastal laghdaithe ar an Oifig mar gheall ar Covid-19, déantar monatóireacht ar úsáid fuinnimh, áfach, ar bhonn leanúnach. Tá OOL ag oibriú córais chuimsithigh inmheánaigh athchúrsála i gcónaí. Táimid tar éis gabháil le Optimising Power @ Workcampaign Bhord na nOibreacha Poiblí, agus táimid ag lorg go gníomhach bealaí chun an úsáid a laghdú. Tá geallta againn chomh maith gan aon phlaistigh aon úsáide a cheannach, de réir Chinneadh an Rialtais S180/20/10/0434C de 3ú Eanáir 2019.

Saoráil Faisnéise

In 2020 fuair muid agus phróiseáil muid seacht n-iarraidh Shaoráil Faisnéise.

Oifig an Ombudsman do Leanaí
Teach na Milaoise
52–56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
 [@OCO_Ireland](https://twitter.com/OCO_Ireland)